Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Meán Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12003/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0263(NLE)**

**SOC 475**
**GENDER 140**
**EMPL 325**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Meán Fómhair 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 442 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an Athbhreithniú ar Spriocanna Barcelona um oideachas agus cúram na luath-óige |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 442 final.

Faoi iamh: COM(2022) 442 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.9.2022
COM(2022) 442 final

2022/0263 (NLE)

Togra le haghaidh

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an Athbhreithniú ar Spriocanna Barcelona um oideachas agus cúram na luath-óige**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Ina hóráid ar Staid an Aontais 2021, d'fhógair an tUachtarán Von der Leyen straitéis cúraim Eorpach chun tacú le fir agus mná an cúram is fearr a fháil ag céimeanna éagsúla saoil agus an chothromaíocht oibre is saoil is fearr a aimsiú dóibh. Is éard atá sa tionscnamh Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le straitéis cúraim Eorpach[1] lena ngabhann dhá thogra le haghaidh Moltaí ón gComhairle, ceann amháin maidir le hathbhreithniú spriocanna Barcelona maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige (ECEC), agus an ceann eile maidir le cúram fadtéarmach[2].

Is príomhspreagadh rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair é seirbhísí ECEC a bheith ar fáil. Tá an comhghaol idir rannpháirtíocht na máithreacha i margadh an tsaothair agus rátaí clárúcháin in ECEC an-láidir do mháithreacha a bhfuil a leanbh is óige faoi bhun 3 bliana d'aois. Agus an méid sin á chur san áireamh, leag an Chomhairle Eorpach[3] síos spriocanna Barcelona maidir le cúram leanaí in 2002 agus é mar aidhm leo rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair a mhéadú trí fheabhas a chur ar sholáthar ECEC. Leag an Chomhairle Eorpach síos dhá sprioc, i.e. ráta rannpháirtíochta 90 % de leanaí idir 3 bliana d'aois agus aois éigeantach scoile, agus ráta rannpháirtíochta 33 % de leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois[4]. Cé gur baineadh amach spriocanna Barcelona ar an meán ar leibhéal an Aontais, tá roinnt Ballstát ag titim chun deiridh go mór, agus tá difríochtaí fós ann i gcás leanaí ó theaghlaigh ísealioncaim go háirithe.

Tá sé d'aidhm ag an Moladh seo na Ballstáit a spreagadh an rannpháirtíocht in ECEC a mhéadú chun rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a éascú agus forbairt shóisialta agus chognaíoch leanaí a fheabhsú, go háirithe i gcás leanaí atá i gcásanna leochaileacha nó leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste. Go sonrach, molann an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar spriocanna Barcelona chun móiminteam nua a chruthú chun cóineasú aníos breise a chothú i measc na mBallstát maidir le rannpháirtíocht leanaí in ECEC[5] agus, ar an gcaoi sin, cuidiú le rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair a mhéadú agus an bhearna fostaíochta idir na hinscní a dhúnadh[6]. Tugtar aghaidh ann freisin ar ghnéithe breise atá ábhartha chun spriocanna Barcelona a bhaint amach, go háirithe inacmhainneacht, inrochtaineacht agus cáilíocht ECEC atá ríthábhachtach chun freagairt do riachtanais tuismitheoirí agus leanaí agus ar an gcaoi sin tionchar a imirt ar ghlacadh iarbhír na seirbhísí sin. Iarrann sí freisin ar na Ballstáit méid ama rannpháirtíocht na leanaí in ECEC a chur san áireamh, rud ba cheart a bheith leordhóthanach chun go mbeidh tuismitheoirí in ann dul i ngleic go fóinteach le hobair íoctha, agus an sciar de leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta atá rannpháirteach in ECEC a chur san áireamh.

---

1 COM (2022) 440.
2 COM (2022) 441.
3 Comhairle Eorpach Barcelona an 15 agus an 16 Márta 2002 (2002), SN 100/1/02 REV 1.
4 Tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Tuarascáil ar spriocanna Barcelona, (2013), spriocanna Barcelona (europa.eu).
5 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, 'Aontas an Chomhionannais: An Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025', COM(2020) 152 final.
6 Ciallaíonn an bhearna fostaíochta idir na hinscní an difríocht phointe céatadáin idir rátaí fostaíochta idir fir agus mná.

Ó 2002 i leith, tá méadú seasta ag teacht ar fhostaíocht na mban, ag sroicheadh 67.7 % in 2021 i gcomparáid le 60.7 % in 2010[7] - cé gur tháinig laghdú uirthi in 2020 (66.1 %) i ngeall ar ghéarchéim COVID-19. Tá patrún ag gabháil leis an treocht seo maidir le gnóthachtáil oideachais na mban a mhéadú, le níos mó ban ag críochnú ardoideachais agus ag fáil ardchéimeanna[8].

In ainneoin na bhfeabhsuithe sin, tá an bhearna fostaíochta idir na hinscní fós suntasach agus is ionann í agus 10.8 pointe céatadáin in 2021[9]. Mheas Eurofound gurb é EUR 320 billiún méid an chaillteanais i ngeall ar an mbearna fostaíochta idir na hinscní in 2018. Is é atá i gceist leis an gcuid is mó den mhéid sin ná tuilleamh agus ranníocaíochtaí leasa a chailltear sa gheilleagar toisc nach bhfuil mná i bhfostaíocht[10]. Tá dlúthbhaint ag an mbearna fostaíochta idir na hinscní le freagrachtaí cúraim. Is iad mná na príomhchúramóirí i gcónaí do leanaí agus do dhaoine fásta a bhfuil cúram de dhíth orthu agus is orthu atá an phríomhfhreagracht as cúraimí tí. Cuireann an éagothroime sin teorainn leis an bhféidearthacht atá acu páirt a ghlacadh in obair íoctha agus an t-am a leithdháileadh ar an obair íoctha sin.

In 2021, léirítear sa Suirbhé ar an bhFórsa Saothair (SFS) gur thug 27.9 % de mhná idir 25-49 mbliana d'aois in AE-27 lasmuigh den lucht saothair le fios gurb é an fáth is mó nár lorg siad fostaíocht ná toisc go bhfuil siad ag tabhairt aire do leanaí nó do dhaoine fásta a bhfuil cúram de dhíth orthu, níor thuairiscigh ach 8.0 % de na fir gurb é sin an phríomhchúis a bhí acu gan post a lorg.[11] Roimh an bpaindéim in 2019, ba iad na figiúirí 32.6 % agus 7.6 %[12]. Sonraíonn an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) go bhfuil 7.7 milliún ban san Eoraip lasmuigh de mhargadh an tsaothair i ngeall ar fhreagrachtaí cúraim agus go gcuireann siad srian ar go leor ban obair pháirtaimseartha a dhéanamh: Luaigh 29 % de mhná atá ag obair go páirtaimseartha gurb iad dualgais chúraim an phríomhchúis leis sin, i gcomparáid le 6 % d'fhir[13].

An bhearna chúraim idir na hinscní, is é sin an difríocht idir an t-am a chaitheann mná agus fir ar obair chúraim gan íocaíocht, tá sí nasctha le steiréitíopaí inscne i ngairmeacha agus i róil na mban agus na bhfear araon agus neartaíonn sí na steiréitíopaí sin tuilleadh. Táthar ag súil go forleathan go gcuirfidh mná cúram gan íocaíocht ar fáil níos minice ná fir, fiú laistigh de theaghlaigh bheirt saothraithe. Roimh ghéarchéim COVID-19, mná fostaithe san Aontas a bhfuil leanaí faoi 7 mbliana d'aois acu agus a bhfuil cónaí orthu i lánúin, chaith siad 39 n-uaire an chloig ar an meán in aghaidh na seachtaine ar obair gan íocaíocht i gcomparáid le

---

7 Eurostat, 'Fostaíocht agus gníomhaíocht de réir inscne agus aoise — sonraí bliantúla', ar fáil ag: Fostaíocht agus gníomhaíocht de réir gnéis agus aoise — sonraí bliantúla [LFSI_EMP_A].

8 Tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach, 'Tuarascáil maidir le Comhionannas Inscne san Aontas', (2021), annual_report_ge_2021_en.pdf (europa.eu).

9 Staitisticí Eurostat (europa.eu)

10 Eurofound, 'Mná agus comhionannas i margadh an tsaothair: An ndearnadh na gnóthachain le deireanas a chur ar gcúl de bharr COVID-19?(2020) Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

11 Bunachar sonraí Eurostat, tábla LFSA_IGAR, 'Cúram do dhaoine fásta faoi mhíchumas nó do leanaí agus cúiseanna teaghlaigh nó pearsanta eile', céatadán den daonra lasmuigh den lucht saothair atá ag iarraidh oibre, aoisghrúpa 15-64.

12 EIGE, Nóta taighde maidir le comhionannas inscne agus tionchar socheacnamaíoch COVID-19, (2021), lch. 15, Comhionannas inscne agus tionchar socheacnamaíoch phaindéim COVID-19 |An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (europa.eu).

13 EIGE, 'Éagothromaíochtaí idir na hinscní sa chúram agus na hiarmhairtí do mhargadh an tsaothair', (2020), Éagothromaíochtaí idir na hinscní sa chúram agus na hiarmhairtí do mhargadh an tsaothair |An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (europa.eu).

19 n-uaire an chloig in aghaidh na seachtaine[14] d'fhir atá fostaithe sa chás céanna. Bhí an bhearna chúraim idir na hinscní níos airde do mhná i bhfostaíocht fhorbhásach.

Le dúnadh seirbhísí cúraim agus srianta orthu le linn na paindéime, iarradh níos minice fós ar mhná obair chúraim a chur ar fáil. De dheasca ghéarchéim COVID-19, tá neamhionannais inscne níos measa i gcúram gan íocaíocht[15], neartaíodh róil thraidisiúnta inscne agus chuir sí deireadh leis an dul chun cinn beag sa chomhionannas inscne a baineadh amach go dtí seo[16]. De réir ríomhshuirbhé Eurofound maidir le maireachtáil, obair agus COVID-19[17], chaith mná a bhfuil leanaí acu suas le 12 bhliain d'aois 62 uair an chloig ar an meán in aghaidh na seachtaine ar chúram leanaí, i gcomparáid le 36 uair an chloig d'fhir sa chás céanna, agus 23 uair an chloig ar obair tí, i gcomparáid le 15 uair an chloig d'fhir le linn na paindéime. Thuairiscigh beagnach aon trian de na mná sin (29 %) go raibh sé deacair orthu díriú ar a bpost mar gheall ar fhreagrachtaí cúraim, i gcomparáid le 11 % d'fhir.

Sonraítear i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta nach mór cóir chomhionann agus deiseanna comhionanna idir mná agus fir a áirithiú agus a chothú i ngach réimse, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, téarmaí agus coinníollacha fostaíochta agus dul chun cinn sa ghairmréim. Aithnítear ann freisin cearta leanaí ar ECEC inacmhainne ar ardchaighdeán; cearta leanaí ar chosaint ar an mbochtaineacht; agus ceart na leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste ar bhearta sonracha chun deiseanna comhionanna a fheabhsú.

Leagadh síos príomhsprioc i bplean gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta maidir leis an ráta foriomlán fostaíochta a mhéadú go 78 % ar a laghad den daonra (aois 20-64 bliana d'aois) faoi 2030, agus ba dhíol sásaimh do cheannairí an Aontais é sin ag Cruinniú Mullaigh Porto i mí na Bealtaine 2021 agus ag an gComhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2021. Chun an sprioc fhoriomlán sin a bhaint amach, ní mór don Eoraip iarracht a dhéanamh ar a laghad an bhearna fostaíochta idir na hinscní a laghdú faoina leath i gcomparáid le 2019 agus soláthar ECEC a mhéadú, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le hathmhuintearas níos fearr idir an saol gairmiúil agus an saol príobháideach agus tacú le rannpháirtíocht níos láidre i margadh an tsaothair i measc na mban.

Leis an Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil 2019[18], cruthaíodh íoschaighdeáin maidir le saoire teaghlaigh, tugadh isteach (i) an ceart chun saoire atharthachta le pá agus saoire cúramóirí agus neartaíodh saoire do thuismitheoirí neamh-inaistrithe le pá, agus tugadh isteach (ii) an ceart socruithe solúbtha ama oibre a iarraidh d'oibrithe a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu, chun comhroinnt chothrom an chúraim idir mná agus fir a spreagadh. Trí ECEC atá ar ardchaighdeán, inrochtana agus inacmhainne a sholáthar, comhlánaítear socruithe

[14] Eurofound, 'Séú suirbhé ar dhálaí oibre san Eoraip: tuarascáil forléargais', (2019), Séú suirbhé ar Dhálaí Oibre san Eoraip – Tuarascáil forléargais | Eurofound (europa.eu).

[15] An Coimisiún Eorpach, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, Rannán um Chúram Leanaí agus Obair Tí i measc Fir agus Mná le linn dianghlasáil COVID-19 (2022), JRC128157, https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC128157

[16] Nóta taighde EIGE maidir le comhionannas inscne agus tionchar socheacnamaíoch COVID-19, (2021), lch. 36, Comhionannas inscne agus tionchar socheacnamaíoch phaindéim COVID-19 |An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (europa.eu).

[17] Tuarascáil Eurofound maidir le maireachtáil, obair agus COVID-19; (2020), Maireachtáil, obair agus COVID-19 | Eurofound (europa.eu).

[18] Treoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle, IO L 188, 12.7.2019, lch. 79.

maidir le ham oibre chun cothromaíocht oibre is saoil a cheadú agus tá sé ríthábhachtach chun cur ar chumas tuismitheoirí, go háirithe máithreacha, páirt a ghlacadh sa mhargadh saothair.

Is infheistíocht shóisialta í tacaíocht phoiblí d'earnáil ECEC a thugann torthaí iomadúla do dhaoine aonair, don tsochaí agus don gheilleagar ina iomláine**.** Cuireann sé rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair chun cinn, spreagann sé glacadh na mban le poist lánaimseartha, feabhsaíonn sé forbairt leanaí, neartaíonn sé cuimsiú sóisialta agus cothroime agus cabhraíonn sé le deireadh a chur le timthriall na bochtaineachta ó ghlúin go glúin. I gcomhthéacs ganntanas lucht saothair agus bearnaí fostaíochta leanúnacha, is mór an deis é rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a mhéadú, lena n-áirítear trí rochtain ar ECEC a fheabhsú, d'fhás cuimsitheach agus inbhuanaithe[19]. Tá acmhainneacht shuntasach cruthaithe post ag baint le hinfheistíocht in ECEC freisin. Léirítear i dtaighde a rinneadh le déanaí ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) go gcruthófaí 26.7 milliún post breise san Eoraip faoi 2035[20] dá ndéanfaí 1.1 % den OTI in ECEC agus 1.8 % den OTI i gcúram fadtéarmach a infheistiú gach bliain.

Is féidir le hinfheistíocht den sórt sin ioncam breise cánach agus slándála sóisialta a ghiniúint. Tríd is tríd, thiocfadh méadú ar ioncam cánach agus slándála sóisialta ó thuilleamh méadaithe agus ó fhostaíocht mhéadaithe, rud a laghdódh an ceanglas maoinithe iomlán maidir le bearta beartais cúraim ó 3 % den OTI (roimh chánacha) go glan 2 % de OTI (tar éis cánacha)[21]. Measann an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair go bhfuil an ráta ag a bhféadfaidh na Ballstáit infheistíochtaí in earnáil an chúraim a fhorchúiteamh thart ar 55 % ar an meán, ag brath go háirithe ar an méid infheistíochta is gá, ar an éileamh ar shaothar sa Bhallstát lena mbaineann agus ar leibhéal an chánachais. Is féidir leis na Ballstáit feabhas a chur ar inbhuanaitheacht fhioscach na n-infheistíochtaí in ECEC trí mheastóireacht a dhéanamh ar an tionchar ar airgeadas poiblí agus cost-éifeachtúlacht a áirithiú, lena n-áirítear trí shásraí cistiúcháin a dhearadh go héifeachtúil, sásraí atá comhleanúnach le hinbhuanaitheacht fhoriomlán airgeadais phoiblí.

Chomh maith le hinfheistíocht a dhéanamh in ECEC, tá go leor Ballstát tar éis teidlíocht dhlíthiúil a thabhairt isteach maidir le háit in ECEC, agus tá Ballstáit eile tar éis freastal ar ECEC a dhéanamh éigeantach, go háirithe le bliain anuas roimh an mbunscoil. Trí theidlíocht dhlíthiúil a dhéanamh de, ní mór d'údaráis phoiblí áit a ráthú do gach leanbh a n-éilíonn a dtuismitheoirí é (san aoisghrúpa atá clúdaithe ag teidlíocht dhlíthiúil); ach i dtíortha ina bhfuil ECEC éigeantach, ní mór d'údaráis phoiblí líon leordhóthanach áiteanna réamh-bhunscoile a áirithiú do *gach* leanbh san aoisghrúpa a chumhdaítear leis an oibleagáid dhlíthiúil. I bhformhór na mBallstát, tá an ceart dlíthiúil sin ann cheana féin ach tá éagsúlacht mhór san aois ag a dtosaíonn an ceart. San Eoraip, tá difríochtaí suntasacha idir an aois ina bhfuil áit ráthaithe ag leanaí in ECEC. Níl teidlíocht dhlíthiúil tugtha isteach ach ag seacht mBallstát an Aontais[22] d'áit in ECEC do leanaí ó aois óg (6-18 mí). Tugtar é seo isteach go díreach i ndiaidh saoire cúraim leanaí toisc, go hidéalach, nár cheart bearna a bheith ann idir deireadh

[19] An Coimisiún Eorpach, *European Economy Brief, The Macro-Economic benefits of Gender Equality* [Sochair mhacra-eacnamaíocha an chomhionannais inscne], Márta 2022; féach freisin Togra le haghaidh Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht ón gCoimisiún agus ón gComhairle, 24.11.2021, COM(2021) 743 final.

[20] ILO 'Care at work: *Investing in care leave and services for a more gender equal world of work*' [Cúram san obair: Infheistiú i saoire cúraim agus i seirbhísí le haghaidh saol oibre atá níos cothroime ó thaobh inscne de', 7 Márta 2022.]

[21] An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS), 2022: Insamhlóir Infheistíochta um Beartas Cúraim EIS, an Ghinéiv, *le teacht*.

[22] An Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, an Laitvia, an tSlóivéin, an Fhionlainn agus an tSualainn.

na saoire teaghlaigh leoríoctha agus cearta dlíthiúil ar áit in ECEC. Maidir le leanaí atá 3 bliana d'aois nó níos sine, tá teidlíocht dhlíthiúil ann i 13 Bhallstát[23] agus gheall roinnt Ballstát í a thabhairt isteach i gcomhthéacs a bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta[24].

Léirítear le fianaise go bhfuil ról ríthábhachtach ag soláthar ECEC ar ardchaighdeán i bhfeabhas a chur ar fhorbairt chognaíoch, shóisialta agus oideachais leanaí ó aois óg[25]. Is minic a bhíonn gnóthachtálacha foghlama níos fearr agus ionchais fostaíochta níos déanaí sa saol mar thoradh ar fheabhsuithe den sórt sin[26]. Téann rannpháirtíocht in ECEC ar ardchaighdeán chun tairbhe gach linbh agus go háirithe dóibh siúd atá faoi mhíbhuntáiste. Is uirlis riachtanach í chun éagothromaíochtaí a chomhrac, chun dul i ngleic le míbhuntáistí sóisialta a d'fhéadfadh a bheith ann do leanaí[27] agus chun comhdheiseanna a chur chun cinn. Luaitear na gnéithe sin go sonrach i Moladh 2019 ón gComhairle maidir le hOideachas agus Cúram Luath-Óige ar Ardchaighdeán[28] agus sa Ráthaíocht Eorpach do Leanaí[29]. Téann na buntáistí níos faide ná na leanaí lena mbaineann. Ar leibhéal an duine aonair, baineann rannpháirtíocht in ECEC le gnóthachtáil oideachais níos fearr, tuilleamh níos airde, comhtháthú sóisialta feabhsaithe agus sláinte níos fearr. Tá go leor buntáistí ann freisin ar leibhéal na sochaí, lena n-áirítear caiteachas laghdaithe ar leas agus rátaí coireachta níos ísle, ioncam cánach níos airde agus comhtháthú sóisialta feabhsaithe[30].

Ar deireadh, tugann an Moladh seo atá beartaithe aghaidh ar na dálaí oibre in earnáil ECEC. Is minic a bhíonn dálaí oibre deacra agus ionchais ghairme theoranta ag oibrithe san earnáil, ar mná iad go leor acu. Chun feabhas a chur ar dhálaí oibre, is gá idirphlé sóisialta níos láidre, deiseanna leordhóthanacha pá agus uas-scilithe agus athscilithe. Trí dhálaí oibre cothroma a chur chun cinn do bhaill foirne in ECEC, ba cheart go rannchuideofaí le hoibrithe – idir fhir agus mhná - a mhealladh agus a choinneáil san earnáil, agus d'fhéadfadh sé rannchuidiú freisin le dul i ngleic le leithscaradh inscne san earnáil agus leis an nganntanas foirne atá ann in go leor tíortha a leigheas[31]. Is gné thábhachtach é freisin chun cáilíocht an chúraim a

---

23 Chomh maith leis na tíortha thuas an Bheilg, Poblacht na Seice, an Fhrainc, Lucsamburg, an Pholainn, an Spáinn; An Coimisiún Eorpach, Beartas Achomair Oideachas agus Cúram Luath-Óige Eurydice, 2019, lch. 6; forléargas mionsonraithe ar chórais na mBallstát sa Choimisiún Eorpach, Táscairí Struchtúracha chun Faireachán a dhéanamh ar Chórais Oideachais agus Oiliúna san Eoraip, tuarascáil chúlra Eurydice, 2021, lch. 12.

24 Mar shampla an tSlóvaic, Anailís ar Dhoiciméid Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóvaice, SWD(2021) 161 final an 21.6.2021.

25 Conclúidí ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint, Creat Straitéiseach 2020 um Oideachas agus Oiliúint (2020), IO 2009/C 119/02.

26 An Coimisiún Eorpach, Tuarascáil Bhliantúil maidir le Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip: Eorpaigh óga: fostaíocht agus dúshláin shóisialta amach anseo, caibidil 5, Meitheamh 2022.

27 Moladh ón gCoimisiún Eorpach an 20 Feabhra 2013 maidir le hInfheistíocht a dhéanamh i Leanaí: timthriall an mhíbhuntáiste a bhriseadh, (2013/112/EU), 2.3.2013, lch. 5-16.

28 Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2019 maidir le Córais Oideachais agus Cúraim Luath-Óige ar Ardchaighdeán, IO C 189, 5.6.2019, lch. 4-14.

29 Moladh (AE) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, IO L 223, 22.6.2021, lch. 14-23.

30 An Coimisiún Eorpach, '*Benefits of early childhood education and care and the conditions for obtaining them*' [Tairbhí oideachais agus cúraim luath-óige agus na coinníollacha chun iad a fháil], Oifig na bhFoilseachán, 2018.

31 An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, 'Meeting of Experts on Policy Guidelines on the promotion of decent work for early childhood education personnel' [Cruinniú Saineolaithe faoi Threoirlínte Beartais maidir le hobair chuibhiúil a chur chun cinn do phearsanra oideachais luath-óige], ar fáil faoi: https://www.ilo.org/sector/Resources/codes-of-practice-and-guidelines/WCMS_236528/lang--en/index.htm

chinntiú. Tá an tAontas ag tacú le hinfheistíocht agus le hathchóirithe na mBallstát in ECEC trína ionstraimí cistiúcháin éagsúla, go háirithe Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa móide agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an tacaíocht sin chun dul i ngleic le héagothromaíochtaí críochacha ar fud na mBallstát agus laistigh díobh. Tá tacaíocht theicniúil dhíreach á cur ar fáil ag an Aontas freisin d'athchóirithe faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil. Déanann an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme bheartais ECEC agus déanann sé measúnú ar an dul chun cinn i dtreo spriocanna Barcelona sa Seimeastar Eorpach agus leanfaidh sé de sin a dhéanamh.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Fógraítear an t-athbhreithniú ar spriocanna Barcelona maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige sa Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025[32]. Tá sé ar cheann de na tionscnaimh a cuireadh i láthair sa Straitéis a bhfuil sé d'aidhm acu cumhachtú eacnamaíoch na mban agus comhroinnt chothrom na bhfreagrachtaí cúraim idir mná agus fir a chur chun cinn. Fógraítear an t-athbhreithniú freisin i Straitéis an Aontais um Chearta an Linbh[33], agus i bplean gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta[34] mar chuid de na hiarrachtaí chun an phríomhsprioc de ráta foriomlán fostaíochta 78 % a bhaint amach faoi 2030 agus an sprioc chomhlántach chun an bhearna fostaíochta idir na hinscní a laghdú faoina leath ar a laghad i gcomparáid le 2019.

Ina Theachtaireacht 'Tionscnamh chun tacú leis an gcothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí atá ag obair'[35], leag an Coimisiún béim, i measc nithe eile, ar an tábhacht a bhaineann le bearta tacaíochta do na Ballstáit chun rochtain ar ECEC inacmhainne ar ardchaighdeán a fheabhsú mar bhealach chun an chothromaíocht oibre is saoil níos fearr a bhaint amach d'oibrithe a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu.

Tá sé d'aidhm ag an Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil comhroinnt níos fearr na bhfreagrachtaí cúraim idir mná agus fir a spreagadh trí theidlíochtaí dlíthiúla ar shaoire teaghlaigh a neartú agus tríd an gceart a dheonú socruithe solúbtha ama oibre a iarraidh. Áirítear leis sin, go háirithe, 2 mhí de shaoire tuismitheora neamh-inaistrithe agus le pá leordhóthanach do gach tuismitheoir. Trí chearta neamh-inaistrithe ar shaoire teaghlaigh a dheonú, tá sé d'aidhm ag an Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil aithreacha a spreagadh chun leas a bhaint as a gcearta, rud a éascaíonn filleadh máithreacha ar an margadh saothair.

Tá sé d'aidhm ag Moladh 2019 maidir le Córais Oideachais agus Cúraim Luath-Óige ar Ardchaighdeán ('Moladh ECEC') tacú leis na Ballstáit ina n-iarrachtaí feabhas a chur ar rochtain ar a gcórais ECEC agus ar cháilíocht na gcóras sin. Áirítear sa Mholadh ECEC creat cáilíochta chun treoir a thabhairt do na Ballstáit maidir le feabhas a chur ar an rochtain ar

---

32 Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, 'Aontas an Chomhionannais: An Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025', COM(2020) 152 final.

33 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún i dtaca le straitéis an Aontais um Chearta an Linbh, COM(2021) 142 final, 24.3.2021, lch. 1-23.

34 An Coimisiún Eorpach, 'Aontas an Chomhionannais a thógáil: Plean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta', a glacadh an 4 Márta 2021, COM(2021) 102 final

35 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, 'Tionscnamh chun tacú leis an gcothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí atá ag obair', COM(2017) 252 final, 26.4.2017, lch. 1-16.

ECEC agus ar cháilíocht ECEC. Tugann sé comhthuiscint ar bhrí na cáilíochta in ECEC. Cuireann an togra seo le Moladh ECEC agus leis an gcreat cáilíochta trí bhéim a leagan ar na gnéithe atá ábhartha go háirithe chun rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a éascú agus chun muinín tuismitheoirí in ECEC a chothú, amhail cóimheas foirne/leanaí, cáilíochtaí foirne agus oiliúint ghairmiúil leanúnach, agus rialachas chóras ECEC.

I dTeachtaireacht 2020 dar teideal 'Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025'[36], ainmnítear cuimsiú agus comhionannas inscne mar cheann de na sé ghné atá le comhdhlúthú. Bunaithe ar an Teachtaireacht sin, ghlac an Chomhairle Rún an 19 Feabhra 2021 maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus i ndiaidh (2021-2030)[37] lena n-áirítear sprioc ar leibhéal an Aontais gur cheart do 96 % ar a laghad de leanaí idir 3 bliana d'aois agus an aois ag a gcuirtear tús le hoideachas bunscoile éigeantach a bheith rannpháirteach in ECEC. Leagtar béim sa Rún freisin ar a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar cháilíocht, ar chothromas, ar chuimsiú agus ar rath do chách san oideachas agus san oiliúint. Chun comhsheasmhacht a chinntiú, baineann an togra seo úsáid as sprioc EEA mar sprioc athbhreithnithe Barcelona don aoisghrúpa ó 3 bliana go dtí aois éigeantach bunoideachais.

Le Straitéis an Aontais um Chearta an Linbh[38], a ghlac an Coimisiún i mí an Mhárta 2021, comhthiomsaítear gach tionscnamh agus gníomhaíocht atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo maidir le cearta leanaí – lena n-áirítear an t-athbhreithniú ar spriocanna Barcelona – faoi chreat beartais comhleanúnach amháin. Tá sé d'aidhm ag an straitéis an saol is fearr is féidir a thógáil do leanaí san Aontas Eorpach agus ar fud an domhain trí rannpháirtíocht leanaí sa tsochaí a neartú, agus a gcearta a chomhlíonadh i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Dírítear sa straitéis, i measc nithe eile, ar chuimsiú socheacnamaíoch, ar shláinte agus ar oideachas leanaí agus tugtar aghaidh ar ECEC mar chuid d'oideachas cuimsitheach ar ardchaighdeán a fhorbairt do gach leanbh. Sna Conclúidí uaithi an 9 Meitheamh 2022 maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh um Chearta an Linbh, chuir Comhairle an Aontais Eorpaigh i dtábhacht go láidir go bhfuil sé de cheart ag gach leanbh rochtain neamh-idirdhealaitheach a fháil ar phríomhsheirbhísí, amhail oideachas agus cúram luath-óige, sláinte, cothú agus tithíocht, rudaí atá tábhachtach dá bhforbairt agus dá bhfolláine[39].

Tá sé d'aidhm do Mholadh ón gComhairle maidir le Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a bhunú, a glacadh an 14 Meitheamh 2021, an t-eisiamh sóisialta a chosc agus a chomhrac agus tacú le hiarrachtaí na mBallstát rochtain ar phríomhsheirbhísí ar ardchaighdeán a ráthú do leanaí atá i ngátar, lena n-áirítear rochtain shaor agus éifeachtach ar ECEC. Ghlac thart ar 27 % de leanaí atá idir 0-2 bhliain d'aois atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta páirt in ECEC san

---

36 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, 'Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025', COM(2020) 625 final, 30.9.2020, lch. 1-29.

37 Rún ón gComhairle, 'Creat straitéiseach le haghaidh comhair Eorpaigh san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus i ndiaidh (2021-2030)', IO C 66, 26.2.2021, lgh. 1-21.

38 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún i dtaca le straitéis an Aontais um Chearta an Linbh, COM(2021) 142 final, 24.3.2021, lch. 1-23.

39 Comhairle an Aontais Eorpaigh, Conclúidí maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh i ndáil le Cearta an Linbh, 10024/22, 9 Meitheamh 2022, féach: https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-10024-2022-INIT/en/pdf.

Aontas in 2019. Cé gurb é sin méadú de thart ar 11 phointe céatadáin ar 2010, tá sé i bhfad níos ísle ná an ráta rannpháirtíochta de dhaonra foriomlán na leanaí (35 %)[40].

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra comhlántach agus comhsheasmhach le roinnt tionscnamh eile de chuid an Aontais.

Tá sé go hiomlán comhsheasmhach le Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 an Aontais lena gcuirtear deiseanna cistiúcháin an Aontais ar fáil faoi ionstraimí amhail Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, lena n-áirítear an snáithe 'Fostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta', an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, an Ciste um Aistriú Cóir, an clár Fís Eorpach agus an clár don Eoraip Dhigiteach, a bhfuil ról mór acu ar fad maidir le tacú le hinfheistíocht na mBallstát i mbonneagar agus i seirbhísí ECEC atá inrochtana, inacmhainne agus ar ardchaighdeán. Is féidir leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil tacú le hathchóirithe agus le hinfheistíocht freisin. Tá an togra comhsheasmhach go hiomlán freisin leis an Rialachán lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí incháilithe chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta phaindéim an choróinvíris a mhaolú agus chun geilleagair agus sochaithe na hEorpa a dhéanamh níos inbhuanaithe, níos athléimní agus níos ullmhaithe do na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach i gcomhthéacs chuspóir na Saoráide.

Tá an togra comhsheasmhach freisin le straitéisí agus pleananna gníomhaíochta an Choimisiúin chun Aontas an chomhionannais a bhaint amach. Tá sé d'aidhm ag plean gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le frithchiníochas 2020-2025[41] an ciníochas a chomhrac trí chláir bheartais agus mhaoiniúcháin i réimsí na fostaíochta, na tithíochta agus na rochtana ar chúram sláinte agus ar oideachas. I measc nithe eile, tá sé d'aidhm aige rochtain chomhionann ar oideachas a áirithiú do leanaí de bhunadh ciníoch nó eitneach mionlaigh. Chomh maith leis sin, cuireann sé oiliúint múinteoirí chun cinn le bheith ag obair le gach páiste. Rinneadh foráil sa phlean gníomhaíochta do thuarascáil ón gCoimisiún, a foilsíodh in 2021, maidir le cur i bhfeidhm Threoir AE maidir le Comhionannas Ciníocha, lena dtoirmeasctar idirdhealú bunaithe ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, lena n-áirítear idirdhealú in aghaidh leanaí Romacha, i réimsí éagsúla amhail oideachas agus cosaint shóisialta[42].

---

40 An Coimisiún Eorpach, Tuarascáil Bhliantúil maidir le Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip: Eorpaigh óga: fostaíocht agus dúshláin shóisialta amach anseo, caibidil 5, ISSN 2315-2540, Meitheamh 2022.

41 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, 'Aontas an Chomhionannais: Plean gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le frithchiníochas 2020-2050', COM(2020) 565 final, 18.9.2020, lgh. 1-26.

42 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2000/43/CE ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach ('an Treoir maidir le Comhionannas Ciníocha') agus Treoir 2000/78/CE ón gComhairle lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha ('an Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta'), COM(2021) 139 final, 19.3.2021, lgh. 1-26.

I gCreat Straitéiseach AE maidir leis na Romaigh le haghaidh comhionannais, cuimsiú agus rannpháirtíocht[43], mar aon leis an Moladh ón gComhairle maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach, a glacadh an 12 Márta 2021[44], iarrtar ar na Ballstáit an t-il-idirdhealú struchtúrach i gcoinne na Romach a chomhrac, go háirithe i gcoinne leanaí Romacha, agus bearta níos láidre a dhéanamh chun tacú le leanaí Romacha agus lena dteaghlaigh i réimsí idirghaolmhara na fostaíochta, na seirbhísí sóisialta, an oideachais phríomhshrutha chuimsithigh ar ardchaighdeán, oideachais agus chúram na luath-óige, na sláinte, na tithíochta agus na rochtana ar sheirbhísí bunriachtanacha, cothú agus rochtain ar ghníomhaíochtaí fóillíochta. Leagtar síos mar chuspóir leis an gcreat laghdú de leath ar a laghad a dhéanamh ar an mbearna i rannpháirtíocht leanaí Romacha in ECEC faoi 2030.

Dírítear i bplean gníomhaíochta an Choimisiúin um imeascadh agus cuimsiú 2021-2027[45] ar na tosca cumasúcháin atá riachtanach chun imircigh agus saoránaigh an Aontais de bhunadh imirceach, lena n-áirítear leanaí, a imeascadh agus a chuimsiú go rathúil ar leibhéil éagsúla amhail oideachas agus oiliúint, fostaíocht agus scileanna, agus sláinte agus tithíocht.

Ar deireadh, tá sé d’aidhm ag straitéis 2021-2030 um chearta daoine faoi mhíchumas[46] feabhas a chur ar shaol daoine faoi mhíchumas san Aontas agus níos faide i gcéin agus a rannpháirtíocht iomlán chomhionann a chur chun cinn i ngach réimse den saol. Tugtar aghaidh sa straitéis ar rannpháirtíocht i ngach leibhéal agus i ngach foirm oideachais, lena n-áirítear ECEC, ar bhonn comhionann le daoine eile, agus ar chur chun cinn seirbhísí neamhspleácha maireachtála agus seirbhísí pobalbhunaithe. Tá an méid sin i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, ar páirtithe ann an tAontas agus na Ballstáit uile, agus lena gceanglaítear ar na páirtithe gach beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú go mbainfidh leanaí faoi mhíchumas lántairbhe as cearta uile an duine agus as saoirsí bunúsacha ar bhonn comhionann le leanaí eile. I gcomhréir leis an Straitéis, cuirtear san áireamh go hiomlán sa Mholadh seo riachtanais leanaí agus tuismitheoirí faoi mhíchumas, go háirithe sna forálacha maidir le hinrochtaineacht.

Freagraíonn an togra freisin don mholadh ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa maidir le haistriú déimeagrafach (togra Uimh. 15) agus maidir le frith-idirdhealú, comhionannas agus cáilíocht saoil (togra Uimh. 29). Is éard atá Togra 15 a iarraidh ‘cúram leanaí inacmhainne agus inrochtana ar ardchaighdeán ar fud an Aontais Eorpaigh a áirithiú, ionas gur féidir le máithreacha agus aithreacha réiteach a dhéanamh idir a saol oibre agus teaghlaigh go muiníneach’ agus rochtain a ráthú le haghaidh leanaí atá i ngátar ar sheirbhísí amhail

43 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, ‘Aontas an Chomhionannais: Creat straitéiseach an Aontais le haghaidh chomhionannas, chuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach’, COM(2020) 620 final, 7.10.2020, lch. 1-17.

44 Moladh ón gComhairle an 12 Márta 2021 maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach, IO 2021C 93/01, 19.3.2021, lch. 1-14.

45 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, ‘Plean Gníomhaíochta um Imeascadh agus Cuimsiú 2021-2027’, COM(2020) 758 final, 24.11.2020, lch. 1-25.

46 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, ‘Aontas an Chomhionannais: Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030’, COM(2021) 101 final, 3.3.2021, lgh. 1-29.

oideachas agus cúram.' Is éard atá Togra 29 a iarraidh go n-áiritheofaí 'naíonraí inacmhainne a chruthú agus a éascú [...] agus cúram leanaí saor in aisce dóibh siúd a bhfuil gá acu leis[47].'

Ar deireadh, rannchuidíonn an Moladh seo leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a glacadh in 2015 mar chuid de Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe 2030 de chuid na Náisiún Aontaithe a bhaint amach, lena leagtar béim ar thábhacht an chomhionannais inscne (SDG 5.4 agus SDG 8.5) agus ar ábharthacht ECEC (SDG 4.2), agus ar an gcaoi sin cuirtear béim ar an ngá atá le gníomhaíocht sna réimsí sin.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 292 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), faoina nglacann an Chomhairle moltaí ar thogra ón gCoimisiún, i gcomhar le hAirteagal 153 (1), pointe (i) CFAE.

Faoi Airteagal 153(1) (i) CFAE, tacaíonn an tAontas gníomhaíochtaí na mBallstát i réimse an chomhionannais idir mná agus fir maidir le deiseanna sa mhargadh saothair d'fhonn cuspóirí Airteagal 151 CFAE a bhaint amach agus comhlánaíonn sé na gníomhaíochtaí sin. Faoi Airteagal 151 CFAE, áirítear ar chuspóirí an Aontais agus na mBallstát dálaí maireachtála agus oibre feabhsaithe a chur chun cinn, cosaint shóisialta chuí, agus acmhainní daonna a fhorbairt, d'fhonn ardfhostaíocht mharthanach a bhaint amach agus an t-eisiamh a chomhrac. Trí chomhionannas deiseanna a áirithiú do gach leanbh atá ina gcónaí san Aontas, rannchuidítear chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Rannchuideoidh an togra le cuspóirí an Chonartha ar an Aontas Eorpach (CAE), go háirithe an t-eisiamh sóisialta agus an t-idirdhealú a chomhrac, comhionannas idir mná agus fir a chur chun cinn agus cearta an linbh a chosaint (Airteagal 3 CAE).

Rannchuideoidh an togra freisin le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme, go háirithe Airteagal 14 de, lena n-aithnítear ceart gach duine chun oideachais; Airteagal 23, lena n-aithnítear comhionannas idir mná agus fir; Airteagal 24, lena n-aithnítear go bhfuil an ceart chun na cosanta agus an chúraim is gá ar mhaithe lena ndea-bhail ag leanaí; agus Airteagal 33, ina sonraítear nach mór cosaint dhlíthiúil, eacnamaíoch agus shóisialta a bheith ag an teaghlach.

Ní sháraíonn an togra seo cumhacht rialála an Aontais ná ní fhorchuireann sé gealltanais cheangailteacha ar na Ballstáit. Cinnfidh na Ballstáit, de réir a gcúinsí náisiúnta, conas is féidir leo an leas is fearr is féidir a bhaint as an Moladh ón gComhairle.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Cé gurb iad na Ballstáit atá freagrach as beartais lena dtugtar aghaidh ar ECEC agus ar rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair, tá inniúlacht ag an Aontas tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát agus iad a chomhlánú.

Áirithítear leis an togra go mbeidh breisluach ag baint le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais. Comhlíonann sé gealltanas polaitiúil dul chun cinn a dhéanamh maidir le comhionannas

47 An Coimisiún Eorpach, Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, Tuarascáil ar an toradh deiridh, Bealtaine 2022.

deiseanna do mhná agus d'fhir agus go háirithe maidir le rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair, agus chun cearta, comhionannas deiseanna agus dea-bhail gach linbh a chur chun cinn.

- **Comhréireacht**

Comhlánaíonn an togra iarrachtaí na mBallstát maidir le haghaidh a thabhairt ar neamhionannas idir mná agus fir, agus rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair chomh maith le cearta, comhionannas deiseanna agus dea-bhail gach linbh a chur chun cinn. Urramaíonn sé cleachtais na mBallstát agus éagsúlacht na gcóras náisiúnta. Aithnítear leis go bhféadfadh difríochtaí sa dóigh a gcuirfear an Moladh i bhfeidhm a bheith ina dtoradh ar staideanna éagsúla náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla. Cuirfidh sé sin ar chumas na mBallstát úsáid a bhaint as an Moladh de réir an chomhthéacs shonraigh atá acu.

Bhí ról lárnach ag breithnithe comhréireachta maidir le rogha na hionstraime a threorú.

- **An rogha ionstraime**

Is togra le haghaidh Moladh ón gComhairle é an ionstraim, lena gcloítear le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta. Cuireann sé le corpas dhlí agus bheartas an Aontais Eorpaigh atá ann cheana agus tá sé i gcomhréir leis na cineálacha ionstraimí atá ar fáil do ghníomhaíocht an Aontais Eorpaigh i réimse an bheartais shóisialta. Mar ionstraim dlí, léiríonn an togra tiomantas na mBallstát do na cuspóirí agus do na bearta a leagtar síos sa Mholadh seo agus cuireann sé bunús láidir ar fáil don chomhar ar an leibhéal Eorpach sa réimse seo, agus inniúlacht na mBallstát á hurramú go hiomlán ag an am céanna.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle go forleathan le raon leathan páirtithe leasmhara maidir leis an tionscnamh seo. Rinneadh achoimre ar na gníomhaíochtaí sin go léir sa Tuarascáil Achoimre, a foilsíodh in éineacht leis an togra seo le haghaidh moladh[48]. Thug na gníomhaíochtaí comhairliúcháin níos mó léargais, gan aon éagsúlacht shuntasach ón aidhm leathan ná ó chumadh an tionscnaimh. Cuireadh san áireamh iad san obair ullmhúcháin agus saibhríodh an togra le peirspictíochtaí breise. Bhí an próiseas comhairliúcháin bunaithe ar roinnt comhairliúchán poiblí a rinneadh le déanaí, eadhon na comhairliúcháin sin a bhaineann le plean gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta[49], leis an bPáipéar Uaine maidir le hAosú[50], agus leis an Straitéis um Chomhionannas Inscne[51]. Leagadh béim sna

[48] Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin: *summary of consultation activities* [achoimre ar ghníomhaíochtaí comhairliúcháin], SWD(2022) 440.

[49] Fuair an Coimisiún 1 041 aighneacht uathúil i scríbhinn. Tháinig 67.5% d'aighneachtaí ó dhaoine aonair. Thapaigh a lán saoránach an deis tuairisc a dhéanamh ar a staid phearsanta, go háirithe daoine faoi mhíchumas agus mná a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu: SWD(2021) 46_EN_autre_document_travail_service_part1_v8 (2).pdf

[50] Bailíodh 473 fhreagra san iomlán sa chomhairliúchán poiblí. Tháinig 133 aighneacht ó dhaoine aonair. Pléadh cúram fadtéarmach i gcomhthéacs neamhspleáchas daoine scothaosta agus a gcúram baile a áirithiú, rud a chuireann deiseanna nua fostaíochta agus riachtanais scileanna nua ar fáil. Thairis sin, leagadh béim ar an ngá atá le cearta pinsin cúramóirí neamhfhoirmiúla a aithint. Féach: Páipéar Uaine maidir le hAosú: Tuarascáil achomair fhíorasach ar an gcomhairliúchán poiblí: 090166e5de9b0583.pdf

comhairliúcháin sin ar an tábhacht a bhaineann le ECEC inrochtana agus inacmhainne ar ardchaighdeán – go háirithe i ngrúpaí tearcfhreastail – chun comhroinnt chothrom gníomhaíochtaí cúraim idir tuismitheoirí a spreagadh.

Foilsíodh **Glao ar Fhianaise** ar an tairseach Cloisimis uait ón 1 go dtí an 29 Márta 2022. Fuarthas 123 aighneacht ar an iomlán; tháinig an chuid is mó díobh (52 %) ó ENRanna, ba as údaráis phoiblí, comhlachais ghnó, saoránaigh den Aontas, ceardchumainn agus institiúidí taighde na cinn eile. Díríodh sna barúlacha ar rochtain, infhaighteacht, inacmhainneacht agus cáilíocht seirbhísí cúraim, oibrithe cúraim, neamhionannais shocheacnamaíocha agus chríochacha, agus gné na hinscne.

D'iarr roinnt páirtithe leasmhara cheana féin go mbeadh cur chuige straitéiseach agus cuimsitheach ann i leith ECEC.

D'iarr **Parlaimint na hEorpa** arís agus arís eile go mbeadh cur chuige iomlánaíoch ann maidir le cúram, lena dtacófaí le hathbhreithniú a dhéanamh ar spriocanna Barcelona agus béim ar leith á leagan ar an ngá atá le díriú ar leanaí faoi mhíchumas[52]. Sa tuarascáil uaithi le déanaí maidir leis an straitéis cúraim Eorpach a glacadh sa Seisiún Iomlánach an 5 Iúil 2022, ba dhíol sásaimh do Pharlaimint na hEorpa an t-athbhreithniú atá le déanamh ar spriocanna Barcelona agus leag sí béim ar an tábhacht a bhaineann le ECEC chun rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a éascú agus chun na bearnaí idir na hinscní sa chúram, sa phá agus sa phinsean a dhúnadh[53].

D'eagraigh Coistí Pharlaimint na hEorpa um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (EMPL) agus um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne (FEMM) **éisteacht chomhpháirteach** an 24 Márta 2022 agus iad ag ullmhú tuarascáil féintionscnaimh 'I dTreo Comhghníomhaíocht Eorpach ar chúram'. Chuir Feisirí de Pharlaimint na hEorpa fáilte roimh an straitéis cúraim Eorpach agus leag siad béim go háirithe ar acmhainneacht na hearnála cúraim, atá tearcmhaoinithe agus gann ar fhoireann faoi láthair, ó thaobh poist a chruthú. Is féidir le dálaí oibre níos fearr cur leis an gcomhionannas inscne, agus tá ról lárnach ag an oideachas agus ag an oiliúint maidir le foireann cháilithe agus gairmiúlú a áirithiú. Leagadh béim freisin ar an ngá atá le faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn agus le hinniúlacht na mBallstát sa réimse beartais sin a chur san áireamh.

Ar an gcaoi chéanna, d'iarr **CESE** arís agus arís eile go ndéanfaí athbhreithniú ar spriocanna Barcelona agus go mbeadh cur chuige iomlánaíoch ann i roinnt tuairimí[54], inar leag siad béim ar an ngá atá le tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i seirbhísí agus saoráidí cúraim

51 Bhí an comhairliúchán ar fáil ar líne ón 8 Márta go dtí an 31 Bealtaine 2019. Fuair sí 1 335 fhreagra, agus tháinig 73 % díobh ó shaoránaigh an Aontais Eorpaigh (970 bhfreagra). Iarradh go háirithe ar na freagróirí céard iad na spriocanna sonracha a dtabharfaidís tosaíocht dóibh maidir le gníomhaíocht an Aontais Eorpaigh chun rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a mhéadú.https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12114-Gender-equality-strategy-2020-2024/public-consultation_ga

52 E.g. Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Nollaig 2021 maidir le comhionannas idir mná agus fir san Aontas Eorpach in 2018-2020 (2021/2020(INI)).

53 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Iúil 2022 i dtreo comhghníomhaíocht Eorpach ar chúram (2021/2253(INI)).

54 E.g. Tuairim ó CESE, 'Comhionannas Inscne sna margaí saothair', (SOC/586-EESC-2018); Tuairim ó CESE, 'Na dúshláin a bhaineann le cothromaíocht oibre is saoil os comhair tuismitheoirí agus cúramóirí atá ag obair', (SOC/529-EESC-2018); Tuairim ó CESE, 'Saincheisteanna comhionannais inscne' (SOC/610-EESC-2018); Tuairim ó CESE, 'Tuairim ar Phlean Gníomhaíochta an Cholúin Shóisialta', (SOC/679-EESC-2021).

inacmhainne ar ardchaighdeán agus ar fáil do gach teaghlach. D'iarr sí freisin go ndéanfaí infheistíocht a dhíriú ar bhonneagar sóisialta, go háirithe ar chúram ECEC agus ar chúram iarscoile, agus spriocanna Barcelona maidir le cúram leanaí a dhéanamh níos uaillmhianaí agus cúram a thabhairt do chleithiúnaithe eile.

Leag an **Chomhairle Eorpach** béim ar a thábhachtaí atá sé an bhearna phá idir na hinscní agus an bhearna chúraim idir na hinscní a mheas le chéile[55], ós rud é go bhfuil siad spleách den chuid is mó agus gur feiniméin a threisíonn a chéile araon atá ann. D'iarr an Chomhairle freisin go ndéanfaí infheistíocht fhadtéarmach phoiblí i saoráidí agus i mbonneagar cúraim inacmhainne agus inrochtana ar ardchaighdeán, i bhforbairt scileanna cúraim, agus i seirbhísí cúraim. D'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún athbhreithniú a thíolacadh ar spriocanna Barcelona chun cóineasú aníos a fheabhsú maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige ar ardchaighdeán a sholáthar i measc na mBallstát[56] agus leag sí béim ar an gceart atá ag gach leanbh rochtain neamh-idirdhealaitheach a fháil ar phríomhsheirbhísí, amhail oideachas agus cúram na luath-óige[57].

Ag an gcruinniú a bhí ag an **ngrúpa ardleibhéil maidir le príomhshruthú inscne** i mí Eanáir 2022, thug na Ballstáit aiseolas dearfach, tríd is tríd, ar an togra le haghaidh straitéis cúraim. Go háirithe, d'aontaigh siad gur gá aghaidh a thabhairt ar inrochtaineacht, ar cháilíocht agus ar inacmhainneacht seirbhísí; dálaí oibre in earnáil an chúraim a fheabhsú; machnamh a dhéanamh, i measc nithe eile, ar ghné oideachasúil ECEC; agus dul i ngleic le steiréitíopáil inscne i ndáil le cúram.

**Le linn na ndíospóireachtaí tosaigh** le hionadaithe na mBallstát sa **Choiste um Chosaint Shóisialta (17 Márta 2022) agus sa Choiste Fostaíochta (1 Aibreán 2022)**, roinn na Ballstáit roinnt samplaí agus dea-chleachtais náisiúnta agus chuir siad réamh-chomhaontú leathan in iúl agus é mar aidhm fhoriomlán leis an tionscnamh, leis an anailís ar na dúshláin agus leis na cuspóirí beartais atá beartaithe. Chuir roinnt Ballstát in iúl gur cheart an tionscnamh a fhorbairt agus lánurraim á tabhairt d'inniúlachtaí náisiúnta, agus na himthosca náisiúnta éagsúla agus bunú na gcóras cúraim á gcur san áireamh, agus an t-ualach riaracháin á seachaint. Leagadh béim freisin ar a thábhachtaí atá maoiniú ón Aontas, tacaíocht don fhoghlaim fhrithpháirteach agus feabhas a chur ar an mbonn fianaise.

An 13 Meán Fómhair 2021, ghlac an **Coiste Comhairleach** um Dheiseanna Comhionanna do Mhná agus d'Fhir Tuairim maidir leis 'An bhearna chúraim san Aontas: cur chuige iomlánaíoch agus claochlaitheach inscne'[58]. Leis an Tuairim, tacaíodh le feabhas a chur ar infhaighteacht agus inacmhainneacht seirbhísí cúraim ar ardchaighdeán agus seirbhísí ECEC do leanaí, le hathbhreithniú a dhéanamh ar spriocanna Barcelona in airde, agus le creat beartais a bhunú le haghaidh LTC inbhuanaithe trí chistiú ón Aontas, lena n-áirítear trí na Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta mar chuid den tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

---

55 Conclúidí ón gComhairle maidir le dul i ngleic leis an mbearna phá idir na hinscní, 'Obair Íoctha agus Obair Chúraim gan Íocaíocht a Luacháil agus a Dháileadh', 13584/20, 2.12.2020.

56 Conclúidí ón gComhairle maidir le Tionchar Socheacnamaíoch COVID-19 ar Chomhionannas Inscne, 8884/21, 14.6.2021, lgh. 1-26.

57 Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh um chearta an linbh, 10024/22, 9.6.2022, lch. 3.

58 An Coiste Comhairleach um Dheiseanna Comhionanna do Mhná agus d'Fhir, Tuairim, 'An bhearna chúraim san Aontas: cur chuige iomlánaíoch agus claochlaitheach inscne', 13 Meán Fómhair 2021, opinion_care_gap_2021_en.pdf (europa.eu).

Reáchtáladh roinnt **comhairliúchán spriocdhírithe le páirtithe leasmhara, díospóireachtaí tosaigh agus éisteachtaí** chun gnéithe éagsúla an tionscnaimh a chumhdach ar bhealach níos doimhne.

D'eagraigh an Coimisiún **idirphlé straitéiseach** le breis agus 50 eagraíocht de chuid na sochaí sibhialta an 11 Márta 2022. Ba dhíol sásaimh d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta an t-athbhreithniú ar spriocanna Barcelona agus chomhaontaigh siad leis na dúshláin a shainaithin an Coimisiún. Leag siad béim ar an ngá atá le measúnú a dhéanamh ar bhacainní ar rannpháirtíocht: féachaint ar mhiondealuithe breise ar rátaí rannpháirtíochta (e.g. leanaí ó chúlra imirceach, leanaí faoi mhíchumas, etc.); lena n-áirítear leanaí agus a bhforbairt shláintiúil i gcroílár an bheartais; infheistíocht a chothú i gcórais seirbhísí idirghabhála luath-óige do leanaí faoi mhíchumas mar bheart chun a rannpháirtíocht in ECEC a chur chun cinn agus, ar an gcaoi sin, rannpháirtíocht a máithreacha in obair ar íocaíocht a chur chun cinn.

Ar deireadh, eagraíodh **éisteacht thiomnaithe le comhpháirtithe sóisialta ar leibhéal an Aontais** an 7 Aibreán 2022. Bhí 'comhráiteas maidir le soláthairtí cúraim leanaí san Aontas' curtha ar fáil ag comhpháirtithe sóisialta cheana féin i mí na Nollag 2020 inar leagadh béim ar an ngá atá le saoráidí cúraim leanaí atá inrochtana, inacmhainne agus ar ardchaighdeán chun go n-oibreoidh tuismitheoirí, go háirithe máithreacha. D'iarr na comhpháirtithe sóisialta freisin go ndéanfaí athbhreithniú ar spriocanna Barcelona chun luach na hoibre san earnáil a chur chun cinn, agus chun dálaí maithe oibre a chur chun cinn, lena n-áirítear trí chómhargáil a neartú agus trí phoist chobhsaí ar ardchaighdeán, tuarastail chothroma agus leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta a áirithiú. D'iarr siad freisin go ndéanfaí beart chun baill foirne a mhealladh chuig an earnáil, go háirithe fir. Deimhníodh na tuairimí sin ag éisteacht na gcomhpháirtithe sóisialta i mí Aibreáin. Go háirithe, leag na comhpháirtithe sóisialta béim ar an ngá atá le cur chuige comhtháite saolré, agus ar an ngá atá le hinfheistíocht san earnáil a mhéadú agus é a dhéanamh níos tarraingtí d'oibrithe i bhfianaise an athraithe dhéimeagrafaigh agus an ionchais eacnamaíoch.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Chuir an Coimisiún le saineolas a Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC) agus saineolaithe seachtracha chun bonn fianaise an tionscnaimh seo a chur ar fáil. Cuirtear an t-ionchur gaolmhar ar fáil don phobal i gcoitinne mar aon leis an togra reatha le haghaidh Moladh.

Rinne JRC grinn-athbhreithniú ar thacar sonraí tagartha EU-SILC chun tástáil a dhéanamh ar indéantacht mionchoigeartuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na táscairí agus ar stóinseacht an tomhais ar leibhéal na mBallstát[59]. Rinne JRC ionsamhlú freisin ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag leibhéil éagsúla na sprice do na táscairí ábhartha i dtéarmaí rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair bunaithe ar shamhail EUROMOD[60]. Ar deireadh, coimisiúnaíodh athbhreithniú litríochta chun forléargas a fháil ar athchóirithe éifeachtacha cúraim leanaí sna Ballstáit[61].

59 Flisi S., Blasko, Zs. agus Stepanova E., Táscairí don oideachas agus cúram na luath-óige. Athbhreithniú a dhéanamh ar roinnt gnéithe den sprioc Barcelona. Tuarascáil maidir le hEolaíocht do Bheartas de chuid an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde, 2022.

60 Narazani E., Agúndez García A., Christl M., Figari F., Tionchar ar fhostaíocht na mban trí athbhreithniú a dhéanamh ar spriocanna Barcelona do chúram leanaí (GENDERMOD), Páipéar Oibre an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde maidir le Cánachas agus Athchóiriú Struchtúrach, 2022.

61 Nieuwenhuis R., Yerkes M., Backman L., Strigén J., Oideachas agus Cúram na Luath-Óige (ECEC): Athbhreithniú dírithe ar staidéir ar thionchar athchóirithe, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022.

Thairis sin, chuir grúpa saineolaithe[62] ar a bhfuil 15 chomhalta, lena n-áirítear saineolaithe aonair agus ionadaithe ón nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA), EIGE, Eurofound, EIS, ECFE agus Unicef, ionchur ar fáil maidir leis an staid mar atá agus difríochtaí idir tíortha sa chur chuige maidir le ECEC, dálaí an lucht saothair, agus cáilíocht ECEC. Chuir siad ionchur ar fáil freisin maidir leis na bearta chun rannpháirtíocht ECEC a fheabhsú, go háirithe do leanaí ó chúlraí atá faoi mhíbhuntáiste, agus maidir leis na gnéithe ábhartha chun cóineasú aníos a fheabhsú.

- **Cearta bunúsacha**

Rannchuideoidh an t-athbhreithniú ar spriocanna Barcelona le comhionannas a bhaint amach idir mná agus fir i ngach réimse, lena n-áirítear fostaíocht, obair agus pá. Rannchuideoidh sé le cosaint a thabhairt do cheart gach duine chun oideachais agus do chearta gach linbh maidir leis an gcosaint agus an cúram sin dá ndea-bhail, agus le cosaint eacnamaíoch an teaghlaigh (Airteagail 23, 14, 24 agus 33 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh).

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleachtaí airgeadais ag an togra do bhuiséad an AE.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Leanfaidh an Coimisiún Eorpach d'fhaireachán a dhéanamh ar spriocanna Barcelona i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, ar príomhionstraim é chun faireachán a dhéanamh ar rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair agus ar chomhionannas inscne, lena n-áirítear tríd an anailís a chuirtear ar fáil i dtuarascálacha tíre agus trí mholtaí tír-shonracha, i gcás inarb iomchuí. Áireofar sa mheasúnú freisin ar dhéine rannpháirtíochta na leanaí uile in ECEC (líon na n-uaireanta a bhfreastalaítear orthu in aghaidh na seachtaine), agus rannpháirtíocht leanaí ó ghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta agus, i gcás inarb indéanta, leanaí faoi mhíchumas, leanaí de bhunadh imirceach, leanaí Romacha agus grúpaí ábhartha eile, agus aois na leanaí agus gnéithe náisiúnta sonracha á gcur san áireamh.

Ina theannta sin, déanfar faireachán ar chur chun feidhme an Mholta trí Thuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin maidir le Comhionannas Inscne agus Tairseach Faireacháin na Straitéise um Chomhionannas Inscne[63].

Clúdaíonn an t-athbhreithniú ar na spriocanna gnéithe breise a bhaineann le spriocanna Barcelona a bhaint amach (inrochtaineacht, inacmhainneacht agus cáilíocht). I gcás ina mbeidh táscairí ar fáil maidir leis na gnéithe sin, áireofar iad sa Tairseach um Fhaireachán ar an Straitéis um Chomhionannas Inscne agus sa Tuarascáil Bhliantúil ar Chomhionannas Inscne.

D'fhonn infhaighteacht, raon feidhme agus ábharthacht sonraí ábhartha ar leibhéal an Aontais a fheabhsú, iarrtar sa Mholadh seo ar na Ballstáit bailiú sonraí a fhorbairt nó a fheabhsú i roinnt réimsí a bhaineann lena chur chun feidhme. Ba cheart do na Ballstáit feabhas a chur go

[62] Clár de ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin agus d'eintitis eile den saghas céanna (europa.eu);
[63] An Coimisiún Eorpach, Straitéis um Chomhionannas Inscne, tairseach faireacháin, a bhfuil rochtain air trí na bealaí seo a leanas: ges-monitor.page.main (europa.eu)

háirithe ar bhailiú sonraí maidir le rannpháirtíocht leanaí in ECEC, lena n-áirítear maidir le leanaí atá i staideanna leochaileacha nó leanaí ó ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste.

Foilseoidh an Coimisiún tuarascáil dhomhain laistigh de chúig bliana chun forléargas a thabhairt ar an staid mar a bheidh sé maidir le cur chun feidhme an Mholta, bunaithe ar spriocanna Barcelona agus ar gach gné ábhartha, lena n-áirítear beartais agus samplaí dea-chleachtais ó na Ballstáit.

2022/0263 (NLE)

Togra le haghaidh

# MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an Athbhreithniú ar Spriocanna Barcelona um oideachas agus cúram na luath-óige

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 i gcomhar le hAirteagal 153(1), pointe (i), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun go mbainfí aon díspreagadh i dtaca le rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair, in 2002 shocraigh an Chomhairle Eorpach spriocanna Barcelona maidir le cúram leanaí, is iad sin an dá sprioc seo a leanas: ráta rannpháirtíochta 33 % in oideachas agus cúram na luath-óige (ECEC) i gcás leanaí atá faoi bhun 3 bliana d'aois agus 90 % i gcás leanaí ó 3 bliana d'aois go haois éigeantach scoile[64]. Cé go bhfuil na spriocanna sin bainte amach ar an meán san Aontas, tá difríochtaí nach beag ann idir na Ballstáit agus laistigh díobh go fóill, go háirithe i gcás leanaí ó theaghlaigh ar ioncam íseal agus i gcás an ghrúpa is óige leanaí.

(2) Tá sé d'aidhm ag an Moladh seo na Ballstáit a spreagadh le bheith rannpháirteach in ECEC níos mó chun rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a éascú agus forbairt shóisialta agus chognaíoch leanaí a fheabhsú, go háirithe i gcás gach leanbh, agus go háirithe leanaí atá i gcásanna leochaileacha nó leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste.

(3) Cuireann freagrachtaí cúraim do leanaí, go háirithe do leanaí atá an-óg, srian láidir ar rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair. In 2021, sa Suirbhé ar an bhFórsa Saothair (LFS), thug 27.9 % de mhná idir 25–49 mbliana d'aois lasmuigh den lucht saothair le fios gurb é aire a thabhairt do leanaí nó do dhaoine fásta a bhfuil cúram de dhíth orthu an phríomhchúis nár lorg siad fostaíocht, i gcomparáid le 8.0 % d'fhir; in 2019, roimh an bpaindéim, ba iad 32,6 % agus 7,6 % na figiúirí sin faoi seach[65]. An tráth céanna, ráta fostaíochta daoine 25-49 mbliana d'aois ag a bhfuil leanaí faoi bhun 6 bliana d'aois, ba é 90,1 % i gcás na bhfear, i gcomparáid le 67,2 % i gcás na mban. Mar gheall ar fhreagrachtaí cúraim neamhíoctha, ní bhíonn tuairim agus 7,7 milliún bean san Eoraip rannpháirteach sa margadh saothair, i gcomparáid le 450 000 fear.

(4) Is mó seans freisin go ndéanfaidh mná a bpatrúin oibre a oiriúnú do fhreagrachtaí cúraim, rud ag a mbíonn tionchar fadtéarmach ar a ngairmréimeanna agus a chuireann

64 Comhairle Eorpach Barcelona an 15 agus an 16 Márta 2002 (2002), SN 100/1/02 REV1.

65 Bunachar sonraí Eurostat, tábla LFSA_IGAR, 'Cúram do dhaoine fásta faoi mhíchumas nó do leanaí agus cúiseanna teaghlaigh nó pearsanta eile', céatadán den daonra lasmuigh den lucht saothair atá ag iarraidh oibre, aoisghrúpa 15-64.

leis an mbearna phá idir na hinscní agus leis an mbearna phinsin. Ar an meán, caitheann mná atá fostaithe 90 nóiméad níos mó ar obair tí agus ar ghníomhaíochtaí cúraim dhírigh ar bhonn laethúil ná mar a chaitheann fir atá fostaithe. Tá cás soiléir gnó ann le haghaidh a thabhairt ar na bearnaí idir na hinscní toisc go gcuireann sé leis an bhfás agus gur dócha go mbeidh tionchair dhíreacha aige ar an táirgiúlacht. De bhreis air sin, má thugtar aghaidh ar na bearnaí idir na hinscní, tá tionchair dhíreacha sheanbhunaithe aige sin ar laghdú na bochtaineachta agus ar chuimsiú sóisialta agus tá sé ar cheann de na freagairtí ar lucht saothair atá ag laghdú.

(5) Bíonn tionchar láidir dearfach ag infhaighteacht seirbhísí cúraim inacmhainne ar ardcháilíocht ar staid fostaíochta cúramóirí, mná go háirithe. Leis an méadú ar sholáthar ECEC ar fud an Aontais, laghdaíodh an bhearna fostaíochta idir na hinscní ó 17,7 pointe céatadáin in 2002 go 10,8 pointe céatadáin in 2021. Mar sin féin, is beag dul chun cinn atá déanta le blianta beaga anuas.

(6) Tugann Colún Eorpach na gCeart Sóisialta chun suntais tábhacht an chomhionannais inscne, na cothromaíochta oibre is saoil agus oideachas agus cúram na luath-óige mar phríomhchuspóirí de chuid an Aontais. Sonraítear i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta nach mór cóir chomhionann agus deiseanna comhionanna idir mná agus fir a áirithiú agus a chothú i ngach réimse, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, téarmaí agus coinníollacha fostaíochta agus dul chun cinn sa ghairmréim. Aithnítear ann freisin cearta leanaí ar ECEC inacmhainne ar ardcháilíocht; cearta leanaí ar chosaint ar an mbochtaineacht; agus ceart na leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste ar bhearta sonracha chun deiseanna comhionanna a fheabhsú. I measc phríomhspriocanna an Aontais atá le baint amach faoi 2030 i bplean gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, moltar go mbeidh 78 % ar a laghad den daonra idir 20 agus 64 bliana d'aois fostaithe faoi 2030. Chun an sprioc sin a bhaint amach, sa phlean gníomhaíochta leagtar amach an cuspóir go ndéanfar an bhearna fostaíochta idir na hinscní a laghdú faoina leath ar a laghad i gcomparáid le 2019, lena n-áirítear trí spriocanna Barcelona a athbhreithniú. Aithnítear sa phlean gníomhaíochta go dtacófaí le rannpháirtíocht níos láidre na mban sa mhargadh saothair agus le cothromaíocht oibre is saoil níos fearr dá gcuirfí leis an soláthar ECEC foirmiúil. Leis an moladh seo, tá a ghealltanas sa phlean gníomhaíochta á chomhlíonadh ag an Aontas.

(7) Ar leibhéal an Aontais, i roinnt moltaí agus treoracha i réimsí an chomhionannais inscne agus na ndálaí oibre, tá aghaidh á tabhairt ar ghnéithe áirithe atá ábhartha maidir le spriocanna Barcelona. Le Treoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**[66]** cruthaítear creat le haghaidh glacadh saoire teaghlaigh, socruithe solúbtha oibre agus saoire cúramóirí, úsáid atá cothrom ó thaobh inscne de.

(8) Thug roinnt tionscnamh de chuid an Aontais chun suntais a thábhachtaí atá ECEC do leanaí. Cuireann an moladh seo leis na tionscnaimh bheartais seo: An Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2019 maidir le Córais Oideachais agus Cúraim Luath-Óige ar Ardcháilíocht[67], cuidíonn sé leis na Ballstáit feabhas a chur ar sheirbhísí ECEC agus cuireann sé i dtábhacht nach mór do na seirbhísí sin a bheith cuimsitheach, inrochtana, inacmhainne agus ar ardcháilíocht. Cuireann Straitéis an Aontais um

---

66 Treoir 2019/1159 (AE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle, IO L 188, 12.7.2019, lch. 79-93.

67 Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2019 maidir le Córais Oideachais agus Cúraim Luath-Óige ar Ardcháilíocht, IO C 189, 5.6.2019, lch. 4-14.

Chearta an Linbh[68] creat ar fáil le haghaidh gníomhaíocht de chuid an Aontais chun cearta leanaí a chur chun cinn agus a chosaint ar bhealach níos fearr agus aithnítear ann go dtéann ECEC chun tairbhe d'fhorbairt chognaíoch agus shóisialta leanaí. An Moladh ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí[69], tá sé d'aidhm aige a áirithiú go mbeidh rochtain shaor agus éifeachtach ar phríomhsheirbhísí, lena n-áirítear ECEC, ag leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, i ngach réigiún, lena n-áirítear i gceantair thuaithe agus iargúlta.

(9) Agus iad ag infheistiú i seirbhísí ECEC, ba cheart do na Ballstáit gnéithe éagsúla a chur san áireamh de bhreis ar infhaighteacht áiteanna amháin, amhail méid ama na rannpháirtíochta, sciar na leanaí rannpháirteacha atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta chomh maith le hinrochtaineacht, inacmhainneacht agus cáilíocht na seirbhísí cúraim a chuirtear ar fáil. Dá bhrí sin, leagtar amach sa mholadh seo bearta chun dul i ngleic leis na gnéithe sin.

(10) Chun rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a éascú le haghaidh príomhchúramóirí, ar mná iad den chuid is mó, ba cheart líon uaireanta ECEC a fhreastalaítear a bheith leordhóthanach chun gur féidir le tuismitheoirí tabhairt go fóinteach faoi obair ar íocaíocht. Ba cheart an tinreamh a spreagadh, agus leas an linbh á chur san áireamh. I gcás nach bhfreastalaíonn leanaí ar ECEC go lánaimseartha go fóill, ba cheart don bheirt tuismitheoirí leas a bhaint as na cearta maidir le saoire teaghlaigh agus socruithe solúbtha oibre arna ndeonú ag Treoir (AE) 2019/1158, amhail obair pháirtaimseartha, am solúbtha oibre agus teilea-obair, chun a áirithiú go ndéantar freagrachtaí cúraim a chomhroinnt go cothrom, agus ba cheart an freastal a mhéadú de réir a chéile i gcomhréir le haois an linbh. I bhfianaise na tábhachta a bhaineann leis an ngné sin, ba cheart faireachán a dhéanamh ar mhéid ama rannpháirtíocht an linbh in éineacht leis an rannpháirtíocht in ECEC.

(11) Thairis sin, tá tuilleadh bacainní ar mhná ag a bhfuil leibhéal íseal scileanna gairmiúla agus mná ó theaghlaigh ar ioncam íseal a bhfuil leanaí acu chun oiliúint agus post a fháil agus tá tuilleadh díspreagthaí ann dóibh le dul (ar ais) i mbun fostaíochta de dheasca srianta airgeadais agus neamh-airgeadais ar rannpháirtíocht a leanaí in ECEC. Dá spreagfaí rannpháirtíocht níos airde leanaí atá i gcásanna leochaileacha nó ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste in ECEC cuimsitheach, bheadh tionchar dearfach aige sin ar fhilleadh a máithreacha ar an obair. Tá cás ban atá faoi mhíchumas nó ban ag a bhfuil leanaí atá faoi mhíchumas deacair go háirithe.

(12) Baineann tairbhí iomadúla do leanaí le rannpháirtíocht in ECEC. Léirítear le fianaise go bhfuil ról ríthábhachtach ag soláthar ECEC ar ardcháilíocht i bhfeabhas a chur ar fhorbairt chognaíoch, shóisialta agus oideachais leanaí ó aois óg. De réir an Mholta ón gComhairle an 22 Bealtaine 2019 maidir le Córais Oideachais agus Cúraim Luath-Óige ar Ardcháilíocht, is féidir le rannpháirtíocht ECEC a bheith ina huirlis éifeachtach chun cothromas oideachais a bhaint amach do leanaí atá faoi mhíbhuntáiste nó leanaí eile, amhail leanaí atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta acu, leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, leanaí ar de chúlra imirceach iad, leanaí ar dídeanaithe iad, leanaí Romacha agus leanaí ó ghrúpaí

---

[68] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún i dtaca le straitéis an Aontais um Chearta an Linbh, COM(2021) 142 final, 24.3.2021, lch. 1-23.

[69] Moladh (AE) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, IO L 223, 22.6.2021, lch. 14-23.

mionlaigh eile, leanaí atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus iargúlta ina bhfuil bonneagar cúraim neamh-leordhóthanach agus leanaí faoi chúram malartach.

(13) Cuireann an Moladh ón gComhairle lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí[70] agus an Moladh ón gComhairle maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach[71] i dtábhacht go bhfuil rochtain chomhionann ar ECEC cuimsitheach ar ardcháilíocht ríthábhachtach stop a chur le tarchur an eisiaimh shóisialta agus deiseanna comhionanna a áirithiú do leanaí atá faoi mhíbhuntáiste. Faoin Ráthaíocht Eorpach do Leanaí iarradh ar na Ballstáit pleananna náisiúnta a chur isteach, pleananna lena gcuirtear an Moladh chun feidhme laistigh de 9 mí óna ghlacadh. Mar sin féin, tá a rátaí freastail i bhfad níos ísle, go háirithe i measc na leanaí is óige, rud a bhféadfadh a bheith de thoradh air níos déanaí torthaí oideachais níos measa agus rátaí luathfhágála scoile arda, go háirithe i measc leanaí Romacha nó leanaí ar de chúlra imirceach iad, maille le leanaí a bhfuil cúram tuismitheora de dhíth orthu. Tá rannpháirtíocht in ECEC ábhartha freisin do leanaí atá ar a dteitheadh ón gcogadh san Úcráin, mar atá do leanaí eile atá ag lorg cosanta nó faoi chosaint san Aontas. I gcás na leanaí sin uile a d'fhéadfadh a bheith leochaileach, ba cheart rochtain chomhionann ar sheirbhísí ECEC príomhshrutha a áirithiú dóibh, seirbhísí atá cuimsitheach agus nach bhfuil leithscartha.

(14) Ar an gcaoi chéanna, tá sé de cheart ag leanaí atá faoi mhíchumas a bheith rannpháirteach in ECEC príomhshrutha ar bhonn cothrom le leanaí eile. Is iad a dtuismitheoirí amháin a thugann cúram do leath de na leanaí atá faoi mhíchumas. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach a áirithiú go bhfuil ECEC inrochtana, cuimsitheach agus comhcheangailte le bearta spriocdhírithe a chuidíonn le haghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha, lena n-áirítear trí bhearta a thugann aghaidh ar bhacainní agus leithscaradh, na hinniúlachtaí is gá a thabhairt d'fhoirne nó sainfhoirne a fhostú chun freastal ar riachtanais an linbh aonair agus ar churaclaim phearsantaithe i gcás inar gá.

(15) Tá ECEC ar ardcháilíocht fíor-riachtanach chun a áirithiú go dtairbhíonn leanaí de rannpháirtíocht in ECEC. Cé nach bhfuil bealach aonair amháin ann chun coincheap na cáilíochta i suíomhanna ECEC a shainmhíniú agus a thomhas, baineann sé go bunúsach le cáilíocht na hidirghníomhaíochta idir na daoine fásta agus na leanaí, gan beann ar an gcóras ECEC atá i bhfeidhm. Ba cheart do na Ballstáit soláthar ECEC ar ardcháilíocht a áirithiú, ag cur san áireamh dóibh gnéithe éagsúla a leagtar amach i Moladh an 22 Bealtaine 2019 maidir le Córais Oideachais agus Cúraim Luath-Óige ar Ardcháilíocht, lena n-áirítear rochtain ar sheirbhísí ECEC, cáilíochtaí agus dálaí oibre foirne, an curaclam oideolaíoch, faireachán agus meastóireacht, agus rialachas agus cistiú. Ba cheart tábhacht ar leith a chur le gnéithe amhail an cóimheas foirne le leanaí, cáilíochtaí agus oiliúint ghairmiúil leanúnach foirne.

(16) Chun go mbunófaí muinín idir tuismitheoirí agus na hinstitiúidí a sholáthraíonn oideachas agus cúram is toisc thábhachtach é cáilíocht an tsoláthair ECEC freisin, agus dá bhrí sin is toisc thábhachtach í chun rannpháirtíocht mhéadaithe in ECEC a éascú.

(17) Is gné thábhachtach eile de sholáthar ECEC í an inrochtaineacht. Áirítear léi bonneagar leordhóthanach, acmhainneachtaí glactha leordhóthanacha a bheith ar fáil agus uaireanta oscailte leordhóthanacha. Thairis sin, cumhdaítear léi oiriúnú do

---

70 Moladh (AE) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, IO L 223, 22.6.2021, lch. 14.

71 Moladh ón gComhairle an 12 Márta 2021 maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach, IO C 93, 19.3.2021.

riachtanais speisialta tuismitheoirí, mar aon le cúnamh chun dul i ngleic le nósanna imeachta riaracháin casta. Ba cheart tacaíocht chun déileáil le nósanna imeachta riaracháin a sholáthar i bhfoirmeacha éagsúla, lena n-áirítear tacaíocht teanga agus tacaíocht dhigiteach, go háirithe do ghrúpaí leochaileacha nó grúpaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste, ar grúpaí iad, cuir i gcás, nach bhfuil in ann uirlisí digiteacha a úsáid nó nach bhfuil rochtain acu orthu. Áirítear léi freisin an inrochtaineacht le haghaidh daoine atá faoi mhíchumas, lena n-áirítear leanaí, tuismitheoirí agus gairmithe, i gcomhréir le ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882.

(18) Thairis sin, áirítear leis an inrochtaineacht gairmiúlú foirne agus speisialtóirí chun tacú go leormhaith le leanaí atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta acu, i saoráidí príomhshrutha nach bhfuil leithscartha. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéantar bacainní ar úsáid seirbhísí ECEC a bhaint agus a chosc, lena n-áirítear le haghaidh daoine atá faoi mhíchumas, agus go bhfuil seirbhísí ECEC fíorchuimsitheach.

(19) Agus aghaidh á tabhairt ar an inrochtaineacht, ba cheart míchothromaíochtaí críochacha a chur san áireamh. Is féidir le ham comaitéireachta fhada a bhaineann le hachar, easpa idirbhealaí iompair nó idirbhealaí iompair teoranta agus brú tráchta a bheith ina mbac ar rannpháirtíocht. Tá ceantair thuaithe agus iargúlta faoi mhíbhuntáiste ar leith de dheasca na heaspa seirbhísí ECEC leordhóthanacha go háitiúil. D’fhéadfadh saincheisteanna inacmhainneachta breise a bheith ann mar gheall ar na míchothromaíochtaí críochacha sin. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, próifílí éagsúla úsáideoirí seirbhísí ECEC a chur san áireamh i bpleananna soghluaisteachta, agus cumhdach críochach a áireamh i mbailiú sonraí chun críocha meastóireachta agus faireacháin.

(20) I roinnt Ballstát, is mór an bhacainn fós ar an rannpháirtíocht é an t-ardchostas ar ECEC. Léirítear le sonraí Eurostat go bhfuil ról nach beag ag gné an chostais sa chinneadh gan seirbhísí cúraim leanaí foirmiúla a úsáid i roinnt tíortha, go háirithe i gcás teaghlaigh atá i mbaol bochtaineachta. De réir staidreamh an Aontais Eorpaigh ar ioncam agus dálaí maireachtála le haghaidh 2016, ní úsáideann 13 % de thuismitheoirí cúram leanaí mar gheall ar a chostas[72] agus tá deacrachtaí measartha nó an-deacrachtaí ag 11 % de thuismitheoirí íoc as[73]. Tagann méadú níos mó ná a dhá oiread ar na céatadáin sin, go 28 % agus 27 % faoi seach, i gcás teaghlaigh atá i mbaol bochtaineachta. Léirítear le taighde eolaíoch go mbaineann buntáistí substaintiúla eacnamaíocha, sóisialta, oideachais agus forbarthacha le ECEC ar ardcháilíocht. Dá bhrí sin, is chun tairbhe rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a théann sé nuair a áirithítear ECEC inacmhainne; agus bíonn tionchar dearfach aige sin freisin, ó thaobh fás fadtéarmach de, ar oideachas ó aois óg, rud a réitíonn an bhealach do dhearcadh dearfach i leith na foghlama le linn an tsaoil, agus a théann thar na leanaí lena mbaineann chun an tsochaí i gcoitinne a chumhdach. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na costais a bhaineann le ECEC comhréireach le hioncam

72 Foinse sonraí: Modúl ad-hoc 2016 EU-SILC maidir le *Rochtain ar sheirbhísí*, ilc_ats04, ‘Leanaí de réir an chineál teaghlaigh, an ghrúpa ioncaim, an leibhéil uirbithe agus an príomhchúis nach gcomhlíontar na riachtanais le haghaidh seirbhísí cúraim leanaí foirmiúla’ (dáta na hasbhainte 20/06/2022).

73 Foinse sonraí: Modúl ad-hoc 2016 EU-SILC maidir le *Rochtain ar sheirbhísí*, ilc_ats03, ‘Leanaí a fhaigheann seirbhísí cúraim leanaí foirmiúla de réir an chineál teaghlaigh, an ghrúpa ioncaim, an leibhéil uirbithe agus an leibhéal deacrachta chun íoc as seirbhísí cúraim leanaí foirmiúla’ (dáta na hasbhainte 20/06/2022).

an teaghlaigh agus nach bacainn iad ar glacadh ECEC. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit a chur san áireamh freisin costais eile a bhaineann le rannpháirtíocht in ECEC amhail iompar, éadaí agus trealamh a mbíonn gá leis i gcás cúraim.

(21) Bealach amháin chun soláthar leormhaith ECEC inrochtana inacmhainne ar ardcháilíocht a áirithiú is ea ceart dlíthiúil ar ECEC a bhunú, ceart faoina ndéanann na húdaráis phoiblí áit a ghealladh do gach leanbh a n-iarrann a thuismitheoirí í, gan beann ar a stádas fostaíochta, socheacnamaíoch ná teaghlaigh. I bhformhór na mBallstát, tá an ceart dlíthiúil sin ann cheana féin ach tá éagsúlacht mhór san aois ag a dtosaíonn an ceart. Go hidéalach, níor cheart bearna a bheith ann idir deireadh na saoire teaghlaigh leoríoctha agus cearta dlíthiúil ar áit in ECEC.

(22) Tá coinne leis go mbeidh buntáistí eacnamaíocha ag baint le cur le hinfhaighteacht ECEC inrochtana, inacmhainne ar ardcháilíocht do theaghlaigh agus le feabhas a chur ar dhálaí oibre agus tuarastail san earnáil. An tráth céanna, féadfar inbhuanaitheacht fhioscach na hinfheistíochta in ECEC a bharrfheabhsú trí mheastóireacht a dhéanamh ar an tionchar ar airgeadas poiblí agus trí fhaireachán tráthrialta a dhéanamh ar an gcostéifeachtúlacht agus trína feabhsú go leanúnach, trí chur le dea-chleachtais, lena n-áirítear dearadh éifeachtúil sásraí cistiúcháin atá comhleanúnach le hinbhuanaitheacht fhoriomlán airgeadais phoiblí.

(23) Tá rochtain éasca ar fhaisnéis leordhóthanach ar líne agus as líne maidir le ECEC ríthábhachtach do thuismitheoirí. Baineann sé sin le faisnéis maidir le cearta ar sheirbhísí oiriúnacha agus a n-infhaighteacht, le modhanna rochtana agus leis an incháilitheacht le haghaidh tacaíocht airgeadais, i gcás inarb infheidhme.

(24) Is bacainn bhreise úsáid seirbhísí í an easpa feasachta ar chearta tuismitheoirí agus leanaí a mhéid a bhaineann le ECEC agus ar a ábharthacht le haghaidh gnóthachtálacha oideachais amach anseo, bacainn eile a imríonn tionchar ar rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair. Ba cheart cinntí eolasacha a bhfuil machnamh ceart déanta orthu i ndáil le roghanna cúraim a bheith mar thoradh ar thuismitheoirí a chur ar an eolas i gceart agus go críochnúil.

(25) I roinnt tíortha, tá ganntanais foirne ann in earnáil ECEC. Is féidir aghaidh a thabhairt air sin le straitéisí iomadúla, amhail feabhas a chur ar dhálaí oibre, ionchais ghairme agus luach saothair leordhóthanach, deiseanna uas-scilithe agus athscilithe tráthrialta, straitéisí earcaíochta cruthaitheacha a fhorbairt, agus a iarraidh ar ghrúpaí éagsúla faoi ghannionadaíocht dul isteach i lucht saothair ECEC, amhail fir nó daoine ó chúlraí cultúrtha éagsúla e.g. imircigh agus dídeanaithe. D'fhéadfadh sásra aitheantais cáilíochtaí atá simplí agus gasta cuidiú le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais. Mar shampla, tugann Moladh (AE) 2022/554 ón gCoimisiún[74] aghaidh ar an rochtain atá acu siúd atá ar a dteitheadh ón gcogadh san Úcráin ar ghairmeacha rialaithe.

(26) Má chuirtear dálaí oibre cothroma chun cinn do bhaill foirne in ECEC, ba cheart go rannchuideodh sé le hoibrithe nua a mhealladh agus, an tráth céanna, ba cheart go dtacódh sé lena áirithiú go mbeidh siad siúd atá ag obair san earnáil sin toilteanach agus ábalta fanacht ina bpost go dtí go rachaidh siad ar scor. Ar an gcaoi chéanna, féadfaidh sé rannchuidiú le dul i ngleic le leithscaradh inscne san earnáil. Sa chomhthéacs sin, le treoirlínte beartais EIS maidir le cur chun cinn oibre cuibhiúla do

[74] Moladh (AE) 2022/554 ón gCoimisiún maidir le haithint cáilíochtaí na ndaoine atá ar a dteitheadh ó ionradh na Rúise ar an Úcráin, IO L 107, 6.4.2022, lch. 1-8.

phearsanra oideachais luath-óige[75], tugtar treoraíocht maidir le cur chun feidhme féideartha na moltaí a bhaineann le forbairt ghairmiúil agus ghairme, luach saothair iomchuí, lena n-áirítear pá comhionann, fostaíocht inbhuanaithe agus dálaí oibre, chomh maith le idirphlé shóisialta san earnáil sin a chur chun cinn.

(27) Ní thagann deireadh le cúram do leanaí nuair a théann siad go dtí an bhunscoil. I gcás riachtanais chúraim do leanaí in aois bhunscoile, d'fhéadfaidís teorainn a chur le rannpháirtíocht agus amanna oibre máithreacha sa mhargadh saothair más rud é nach bhfuil réitigh leordhóthanacha, ardchaighdeáin agus inacmhainne ann maidir le cúram iarscoile agus cúram saoire, i gcomhthéacs na gcóras náisiúnta scoile. Mura bhfuil deiseanna cúraim ar fáil do leanaí níos sine, is cuma ECEC a bheith ar fáil do shiblíní níos óige mar ní chuirfidh sé sin ar a gcumas do na tuismitheoirí a bheith páirteach sa mhargadh saothair, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar úsáid ECEC i gcás na siblíní níos óige dá réir sin. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le cúram lasmuigh den scoil atá leordhóthanach, ar ardchaighdeán agus inacmhainne. Ba cheart a áireamh leis sin, i gcás inarb ábhartha, tairiscint maidir le maoirseacht agus tacaíocht don obair bhaile, go háirithe do leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste.

(28) Is dúshlán mór fós don iomad tuismitheoirí í an chothromaíocht oibre is saoil, go háirithe do mhná. Is constaic mhór í an deacracht a bhaineann le cothromaíocht a aimsiú idir obair agus freagrachtaí cúraim, constaic a chuireann le gannionadaíocht na mban sa mhargadh saothair. Sa chomhthéacs sin, is minic a bhíonn tionchar ag steiréitíopaí inscne ar róil na mban agus na bhfear i dtaca le cúram. An éagothroime idir an cúram a thugann mná agus a thugann fir, déanann sí sin na steiréitíopaí inscne i ngairmeacha agus róil na mban agus na bhfear a atreisiú.

(29) Ba cheart dul i ngleic leis an mbearna chúraim sheasmhach sin idir na hinscní, go háirithe trí aithreacha a spreagadh le saoire teaghlaigh a ghlacadh agus socruithe ama oibre solúbtha a úsáid, i gcás inarb ábhartha, in éineacht le comhroinnt níos cothroime de na freagrachtaí cúraim a bhíonn ag lánúineacha maidir le hobair ar íocaíocht agus obair gan íocaíocht. Le cur chun feidhme Threoir (AE) 2019/1158 ba cheart feabhas a chur ar chearta oibrithe atá freagrach as cúram chun saoire teaghlaigh a ghlacadh agus chun socruithe ama oibre solúbtha a iarraidh. Ba cheart go ndíreodh gníomhaíocht bhreise ar fheasacht a ardú ar na cearta nua agus faireachán a dhéanamh ar cé acu is féidir úsáid iomlán a bhaint as na cearta sin gan cóireáil neamhfhabhrach a fhulaingt ag an obair, nó nach féidir.

(30) Chun tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais chúraim agus ar shrianta cúraim, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh sonraí leordhóthanacha ar fáil a bhfuil leibhéal leordhóthanach gráinneachta, iontaofachta agus inchomparáideachta ag baint leo. Ós rud é nach bhfuil forálacha sonracha i dTreoir (AE) 2019/1158 maidir le bailiú sonraí, ba cheart glacadh saoire teaghlaigh a áireamh sna sonraí sin, agus an lámhleabhar modheolaíochta don chreat um an táscaire maidir le cothromaíocht oibre is saoil á chur san áireamh, creat a d'fhorbair an Coiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta chun tacú le faireachán agus meastóireacht chuí ar an Treoir.

---

75 An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, '*Meeting of Experts on Policy Guidelines on the promotion of decent work for early childhood education personnel*' [Cruinniú Saineolaithe faoi Threoirlínte Beartais maidir le hobair chuibhiúil a chur chun cinn do phearsanra oideachais luath-óige], ar fáil faoi: https://www.ilo.org/sector/Resources/codes-of-practice-and-guidelines/WCMS_236528/lang--en/index.htm

(31) Ba cheart faireachán tráthrialta a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis an Moladh seo a chur chun feidhme i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, na tuarascála bliantúla maidir le comhionannas inscne san Aontas Eorpach agus i gcomhthéacs na Tairsí um Fhaireachán ar an Straitéis Eorpach um Inscne. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit tacú go háirithe leis an gCoimisiún táscaire a fhorbairt agus a ríomh chun an bhearna chúraim idir na hinscní a thomhas, arb é sin an difríocht idir an t-am a chaitheann mná ar chúram agus an t-am a chaitheann fir ar chúram, an bhearna phá idir na hinscní, agus úsáid ama in obair ar íocaíocht agus in obair gan íocaíocht, chun tuiscint níos fearr a fháil ar na hidirspleáchas idir na gnéithe sin d'fhonn tacú le forbairt beartas comhionannais inscne agus beartas sóisialta atá bunaithe ar fhianaise. Ba cheart do na Ballstáit leanúint freisin dá gcuid iarrachtaí agus athchóirithe a cheapadh agus a chur chun feidhme i réimse ECEC agus an leas is fearr á bhaint as tacaíocht an Choimisiúin, lena n-áirítear tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, trí mhalartú dea-chleachtas, próisis agus modheolaíochtaí iomchuí, bailiú sonraí, rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus trí chomhar idirinstitiúideach agus pleanáil acmhainní daonna, leithdháileadh agus forbairt ghairmiúil atá níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla in earnáil ECEC.

(32) Ba cheart an téarma 'oideachas agus cúram na luath-óige' a thuiscint mar a shainmhínítear é sa Mholadh ón gComhairle maidir le ECEC ardchaighdeáin, is é sin mar thagairt d'aon socrú rialáilte lena gcuirtear oideachas agus cúram ar fáil do leanaí ón mbreith go dtí aois na bunscolaíochta éigeantaí — beag beann ar an suíomh, ar an gcistiú, ar na huaireanta oscailte nó ar ábhar an chláir — agus áirítear air sin cúram lae in ionad agus cúram lae teaghlaigh; soláthar a chistítear go príobháideach agus go poiblí; agus soláthar réamhscoile agus réamh-bhunscoile.

(33) Chun measúnú a dhéanamh ar thionchar an Mholta seo, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn agus tuairisciú a dhéanamh air go tráthrialta.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:**CUSPÓIR AGUS RAON FEIDHME**

1. Is é is aidhm don Mholadh seo na Ballstáit a spreagadh le rannpháirtíocht in oideachas agus cúram na luath-óige a mhéadú chun rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a éascú agus chun feabhas a chur ar fhorbairt shóisialta agus chognaíoch leanaí, go háirithe dóibh siúd atá i staideanna leochaileacha nó ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste.

2. Baineann an Moladh seo le hoideachas agus cúram na luath-óige do na leanaí uile.

**LEASÚ AR SPRIOCANNA BARCELONA**

3. Ba cheart do na Ballstáit rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a spreagadh trí sheirbhísí ardchaighdeáin oideachais agus cúraim luath-óige (ECEC) a sholáthar i gcomhréir le pátrúin náisiúnta soláthair, agus an méid seo a leanas a áirithiú faoi 2030:

   (a) go nglacann ar a laghad 50 % de leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois páirt in ECEC[76]; agus

[76] Foinse sonraí: Eurostat, oibríocht EU-SILC 2020, '*Children in formal childcare or education by age group and duration - % over the population of each age group - EU*' ['Leanaí i gcúram leanaí nó oideachas foirmiúil de réir aoisghrúpa agus achair - % de réir an daonra i ngach aoisghrúpa - AE'], cód sonraí ar líne: [ilc_caindformal].

(b) go nglacann 96 % de leanaí idir 3 bliana d'aois agus an aois tosaigh don bhunoideachas éigeantach páirt in ECEC[77].

**FAD AMA NA RANNPHÁIRTÍOCHTA**

4. Ba cheart do na Ballstáit méid ama áirithe a spreagadh maidir le rannpháirtíocht leanaí in ECEC atá comhoiriúnach le rannpháirtíocht fhiúntach na dtuismitheoirí sa mhargadh saothair, go háirithe máithreacha.

5. Iarrtar ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh seirbhísí ECEC ar fáil chun rannpháirtíocht leanaí a chumasú, rannpháirtíocht a d'fhéadfadh a ardú de réir a chéile le haois an linbh, is é sin:

(a) 25 uair in aghaidh na seachtaine ar a laghad do leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois; agus

(b) 35 uair in aghaidh na seachtaine ar a laghad do leanaí ó 3 bliana d'aois ar aghaidh.

**LEANAÍ Ó CHÚLRAÍ FAOI MHÍBHUNATÁISTE, LEANAÍ FAOI MHÍCHUMAS NÓ LEANAÍ A bhFUIL RIACHTANAIS SPEISIALTA ACU A ÁIREAMH**

6. Ba cheart do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) bearta spriocdhírithe a bheith i bhfeidhm acu chun rannpháirtíocht leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste in ECEC a chumasú agus a mhéadú, lena n-áirítear leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, chomh maith le daoine faoi mhíbhuntáiste nó a bhfuil riachtanais speisialta acu;

(b) an bhearna rannpháirtíochta in ECEC idir leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta agus daonra foriomlán na leanaí a dhúnadh.

**CAIGHDEÁN**

7. Ba cheart do na Ballstáit an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go mbíonn seirbhísí ECEC do na leanaí uile ar ardchaighdeán chun muinín tuismitheoirí sna seirbhísí a mhéadú, agus chun cur le forbairt shláintiúil fhisiciúil, shóisialta, mhothúchánach, chognaíoch agus oideachasúil an linbh;

(b) na creataí caighdeán náisiúnta a spreagtar na Ballstáit lena bhforbairt i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le Córais Oideachais agus Cúraim Luath-Óige ar Ardchaighdeán, go n-áirítear ar na creataí sin soláthar seirbhísí do leanaí ón dá aoisghrúpa a chumhdaítear leis an Moladh seo. Ba cheart foráil a dhéanamh sna creataí cáilíochta náisiúnta maidir leis an méid seo a leanas go háirithe:

– cóimheasa leordhóthanacha idir an fhoireann agus leanaí agus grúpmhéideanna leordhóthanacha, agus aois leanaí agus aon mhíchumas nó aon riachtanas speisialta a d'fhéadfadh a bheith acu á gcur san áireamh; agus

– tacú le gairmiúlú na mball foirne uile in ECEC, lena n-áirítear tríd an leibhéal oideachais tosaigh is gá a mhéadú agus forbairt ghairmiúil

[77] Foinse sonraí: Eurostat, bailiúchán sonraí UOE, '*Pupils from age 3 to the starting age of compulsory education at primary level - % of the population of the corresponding age*' ['Daltaí ó 3 bliana d'aois go dtí an aois tosaigh don oideachas éigeantach ag bunleibhéal - % den daonra den aois chomhfhreagrach'], cód sonraí ar líne: [educ_uoe_enra21].

leanúnach a áirithiú trí dheiseanna oiliúna leordhóthanacha ar feadh an tsaoil.

**DÁILEADH CRÍOCHACH**

8. Ba cheart do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann do leanaí agus dá dteaghlaigh rochtain a fháil ar shaoráid oideachais agus cúraim oiriúnach trí chumhdach críochach leordhóthanach de sholáthar ECEC a chur ar fáil. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh go háirithe:

(a) soláthar ECEC a eagrú go leordhóthanach ar fud limistéir uirbeacha agus thuaithe, comharsanachtaí agus réigiúin shaibhre agus faoi mhíbhuntáiste, agus gnéithe sonracha limistéar amhail dlús dhaonra na leanaí agus dáileadh leanaí de réir aoise á gcur san áireamh, de bhrí gur cheart go mbeadh sé sin ag teacht go hiomlán le prionsabail na dídheighilte agus an neamh-idirdhealaithe agus gur cheart go ndéanfaí é sin i ndlúthchomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha;

(b) an gá atá le hamanna réasúnta comaitéireachta a chur san áireamh, go háirithe trí iompar poiblí, agus cinneadh á dhéanamh maidir le suíomhanna do sheirbhísí ECEC.

**INACMHAINNEACHT**

9. I gcás leanaí seachas na leanaí sin a chumhdaítear leis an Moladh ón gComhairle lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, ar cheart rochtain shaor agus éifeachtach a bheith acu ar sheirbhísí ECEC, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil glanchostas ECEC réasúnta comhréireach le costais teaghlaigh eile agus le hioncam indiúscartha, agus aird ar leith á tabhairt ar theaghlaigh ar ioncam íseal. Go háirithe, spreagtar na Ballstáit leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) teorainn a chur le costais as póca do thuismitheoirí;

(b) i gcás inarb infheidhme, táillí ar scála aistritheach atá comhréireach le hioncam teaghlaigh nó táillí uasta a thabhairt isteach le haghaidh ECEC.

**INROCHTAINEACHT**

10. Ba cheart do na Ballstáit na constaicí ar rochtain ar ECEC a bhaint go leanúnach. Sa chomhthéacs sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

(a) réitigh a chur ar fáil do thuismitheoirí ag a bhfuil uaireanta oibre neamhthipiciúla chun go mbeidís in ann cothromaíocht a aimsiú idir a saol oibre agus a saol príobháideach;

(b) aghaidh a thabhairt ar riachtanais tuismitheoirí aonair;

(c) rochtain ar ECEC a áirithiú beag beann ar stádas na dtuismitheoirí sa mhargadh saothair ar bhealach atá comhleanúnach le dreasachtaí a thabhairt chun dul i mbun oibre;

(d) inrochtaineacht foirgneamh, bonneagair agus iompair a áirithiú chomh maith le hábhar foghlama agus uirlisí digiteacha do thuismitheoirí agus do leanaí faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta acu;

(e) tacaíocht éifeachtach agus faisnéis agus cumarsáid iomchuí a chur ar fáil do leanaí agus do thuismitheoirí atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta acu, agus aghaidh a thabhairt ar bhacainní teanga agus cultúrtha,

chun a rannpháirtíocht i saoráidí príomhshrutha cuimsitheacha agus neamhscartha a chumasú;

(f) faisnéis shoiléir a chur ar fáil go réamhghníomhach faoi na buntáistí a bhaineann le freastal ar ECEC agus faoi na deiseanna atá ann cheana, faoi rialacha incháilitheachta agus faoi nósanna imeachta riaracháin maidir le rochtain ar sheirbhísí ECEC;

(g) tacaíocht riaracháin a chur ar fáil maidir le clárú, agus aird ar leith á tabhairt ar thuismitheoirí atá i staid leochaileach nó ó chúlra faoi mhíbhuntáiste.

11. Ba cheart do na Ballstáit teidlíocht dhlíthiúil ar ECEC a thabhairt isteach. Agus an aois ag a gcuirtear tús leis an teidlíocht dhlíthiúil á cinneadh, ba cheart do na Ballstáit infhaighteacht agus fad saoire teaghlaigh le pá leordhóthanach a chur san áireamh, arb é is aidhm dó sin bearnaí idir deireadh na saoire sin agus tús ECEC a sheachaint.

**CÚRAM LASMUIGH DEN SCOIL**

12. Sa bhreis ar ECEC, ba cheart do na Ballstáit cur chuige cuimsitheach a áirithiú maidir le cúram do leanaí, agus riachtanais chúraim i gcás leanaí d'aoiseanna éagsúla á gcur san áireamh, lena n-áirítear aois na bunscoile, trí chúram lasmuigh den scoil atá inacmhainne agus ar ardchaighdeán a éascú do gach leanbh sa bhunscoil (cumhdach iarscoile agus cumhdach saoire), lena n-áirítear leanaí faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus eagrú náisiúnta na scoile agus laethanta saoire á gcur san áireamh. Ba cheart tacaíocht d'obair bhaile a áireamh, go háirithe do leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste nó i staideanna leochaileacha.

**FEASACHT AR CHEARTA**

13. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil tuismitheoirí ar an eolas faoina gcearta, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, an teidlíocht ar áit in ECEC, agus é á chur san áireamh go bhféadfadh traidisiúin agus cúlraí éagsúla tionchar a imirt ar an eolas agus an dearcadh maidir le córas ECEC agus ar an muinín as.

14. Moltar do na Ballstáit tuismitheoirí a chur ar an eolas go réamhghníomhach faoi na féidearthachtaí, na tairbhí, na costais agus, i gcás ina bhfuil siad i bhfeidhm, tacaíocht airgeadais chun ECEC a úsáid. Ba cheart an méid seo a leanas a chur san áireamh:

(a) riachtanais na dtuismitheoirí ó thaobh faisnéis maidir le ECEC, agus a n-éagsúlacht ó thaobh scileanna, cumas agus cúlraí socheacnamaíocha de, agus aon mhíchumas á gcur san áireamh;

(b) faisnéis a chur ar fáil go héasca ar líne agus as líne, agus riachtanais teanga éagsúla agus infhaighteacht uirlisí digiteacha á gcur san áireamh.

15. Ba cheart do na Ballstáit nósanna imeachta gearáin atá éifeachtach, neamhchlaonta agus inrochtana a chur i bhfeidhm chun saincheisteanna nó teagmhais a thuairisciú do na húdaráis inniúla.

**DÁLAÍ OIBRE AGUS SCILEANNA FOIRNE**

16. Ba cheart do na Ballstáit dálaí oibre cothroma a áirithiú d'fhoireann ECEC, go háirithe trí idirphlé sóisialta agus cómhargáil a chur chun cinn agus trí thacú le pá tarraingteach a fhorbairt san earnáil, agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta á urramú ag an am céanna.

17. Ba cheart do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna agus ar ghanntanais oibrithe in ECEC, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) feabhas a chur ar oideachas agus oiliúint tosaigh agus leanúnach chun na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá a thabhairt d'oibrithe ECEC atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo;

(b) conairí gairme a thógáil in earnáil ECEC, lena n-áirítear trí sheirbhísí uas-scilithe, athscilithe agus faisnéise agus treorach;

(c) stádas gairmiúil tarraingteach agus ionchais ghairme a thairiscint d'oibrithe ECEC;

(d) bearta a chur chun feidhme chun dul i ngleic le steiréitíopaí inscne agus leithscaradh inscne, agus chun an ghairm a dhéanamh tarraingteach d'fhir agus do mhná araon.

**AN BHEARNA CHÚRAIM IDIR NA hINSCNÍ**

18. Ba cheart do na Ballstáit na tuismitheoirí a spreagadh leis an gcúram do leanaí a chomhroinnt eatarthu ar bhonn cothrom tríd an méid seo a leanas:

(a) dul i ngleic le steiréitíopaí inscne agus rannpháirtíocht an dá thuismitheora sna freagrachtaí cúraim ar bhonn cothrom a spreagadh, lena n-áirítear trí fheachtais chumarsáide;

(b) socruithe ama oibre a thacaíonn le teaghlaigh agus glacadh saoire teaghlaigh i measc tuismitheoirí, aithreacha go háirithe, a chur chun cinn, agus tacaíocht a thabhairt dóibh, le linn an tsaoil ar fad.

**RIALACHAS AGUS BAILIÚ SONRAÍ**

19. Ba cheart do na Ballstáit rialachas beartais fhónta agus éifeachtach a áirithiú in oideachas agus cúram na luath-óige, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) comhar láidir a áirithiú idir institiúidí éagsúla ceaptha beartas agus seirbhísí ECEC, agus tacú le comhar le hinstitiúidí agus seirbhísí ceaptha beartas eile atá i gceannas ar fhorbairt agus oideachas luath-óige; agus

(b) leas costéifeachtach a bhaint as cistiú iomchuí agus inbhuanaithe le haghaidh oideachas agus cúram na luath-óige, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as cistí agus ionstraimí de chuid an Aontais, agus trí bheartais a shaothrú atá fabhrach do chistiú inbhuanaithe seirbhísí cúraim leanaí atá comhleanúnach le hinbhuanaitheacht fhoriomlán an airgeadais phoiblí.

20. Ba cheart do na Ballstáit forbairt nó feabhas a dhéanamh ar bhailiú sonraí maidir leis an méid seo a leanas:

(a) rannpháirtíocht leanaí in ECEC, ar bhonn bliantúil agus le suirbhéanna ag a bhfuil méideanna sampla leordhóthanacha, lena n-áirítear maidir le leanaí i staideanna leochaileacha nó ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste;

(b) na difríochtaí in úsáid ama idir mná agus fir a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu ó thaobh obair ar íocaíocht agus obair gan íocaíocht de, más féidir trí úsáid a bhaint as suirbhéanna úsáide ama ar bhonn an chaighdeáin a leagtar síos sna Suirbhéanna Comhchuibhithe ar Úsáid Ama san Eoraip;

(c) glacadh saoire teaghlaigh de réir inscne, ó shonraí riaracháin ar bhealach atá comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais, agus tacú leis an gcreat um an táscaire maidir le cothromaíocht oibre is saoil a d'fhorbair foghrúpa comhpháirteach an Choiste Fostaíochta (EMCO) agus an Choiste um Chosaint Shóisialta (SPC);

(d) dálaí oibre na foirne in ECEC, lena gcumhdaítear go háirithe na gnéithe dá dtagraítear i Moltaí 16 agus 17;

(e) ganntanais ECEC, inrochtaineacht, inacmhainneacht agus cáilíocht ECEC ar bhonn tráthrialta, gach 6 bliana ar a laghad; agus maidir le dáileadh críochach ECEC, go háirithe chun measúnú a dhéanamh ar éagothromaíochtaí críochacha, lena n-áirítear i gceantair iargúlta agus thuaithe.

21. Ba cheart do na Ballstáit a n-iarrachtaí a mhéadú chun a áirithiú go bhfuil sonraí inchomparáide ar leibhéal an Aontais ag a bhfuil gráinneacht leordhóthanach.

**CUR CHUN FEIDHME, FAIREACHÁN AGUS MEASTÓIREACHT**

22. Ba cheart do na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoi bhearta chun an Moladh seo a chur chun feidhme faoi [1 bhliain tar éis a ghlactha].

23. Ba cheart do na Ballstáit comhoibriú leis an gCoimisiún maidir leis an rún atá aige an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) feabhas a chur ar sholáthar rialta sonraí trí na nithe seo a leanas a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin Eurostat agus ar an Tairseach um Fhaireachán ar an Straitéis Eorpach maidir le hInscne:

(1) miondealú breise de réir aois leanaí atá rannpháirteach in ECEC, méid ama na rannpháirtíochta agus an ráta rannpháirtíochta i gcás leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta;

(2) eatraimh mhuiníne do phríomhtháscaire EU-SILC ‘Leanaí i gcúram leanaí foirmiúil nó san oideachas foirmiúil’ agus táscairí ábhartha eile i dteannta na rátaí rannpháirtíochta chun inchomparáideacht a áirithiú thar blianta agus tíortha;

(3) faisnéis mhíniúcháin níos cuimsithí maidir leis na sonraí a bhailítear, go háirithe maidir le cláir ECEC a chumhdaítear le sainmhíniú na dtáscairí.

(b) cistiú an Aontais a shlógadh chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí náisiúnta in ECEC;

(c) faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Mholta seo i gcomhthéacs na tuarascála bliantúla maidir le comhionannas inscne san Aontas agus maidir leis an Seimeastar Eorpach, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí mholtaí tír-shonracha a eisiúint do na Ballstáit, agus tuairisciú don Chomhairle laistigh de chúig bliana maidir leis an dul chun cinn i ndáil leis an Moladh seo;

(d) forbairt táscairí breise a éascú sa Choiste um Chosaint Shóisialta agus sa Choiste Fostaíochta, malartú dea-chleachtas agus foghlaim fhrithpháirteach i measc na mBallstát a éascú chomh maith le gníomhaíochtaí forbartha acmhainní teicniúla, agus leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit ina gcuid iarrachtaí chun athchóirithe a cheapadh agus a chur chun feidhme i réimse ECEC, go háirithe tríd an gCreat Straitéiseach um an Limistéar Eorpach Oideachais agus tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil;

(e) gníomhaireachtaí an Aontais amhail an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne agus Eurofound a spreagadh le sonraí a bhailiú go tráthrialta, táscairí a fhorbairt agus anailísí a dhéanamh ar an mbearna chúraim idir na hinscní, ar an mbearna phá idir na hinscní, agus ar úsáid ama in obair ar íocaíocht agus obair gan íocaíocht, ar ghníomhaíochtaí aonair agus sóisialta na mban agus na bhfear

a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu agus ar shocruithe oibre ar feadh a saoil oibre.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*